



people & nature

# Plean Gníomhaíochta um Bhithéagsúlacht do Chontae na Gaillimhe 2008 - 2013



## Clár na nÁbhar

<b>Buíochas.....</b>	<b>3</b>
<b>1. Ráiteas Físe, Aidhmeanna agus Cuspóirí .....</b>	<b>6</b>
<b>2. Brollach .....</b>	<b>7</b>
Contae na Gaillimhe .....	7
Céard é Bithéagsúlacht? .....	8
Cén fáth go bhfuil bithéagsúlacht tábhachtach?.....	9
Cailteanas Bithéagsúlachta .....	11
Cén fáth go bhfuil Plean Gníomhaíochta um Bhithéagsúlacht ag teastáil? .....	12
<b>3. Bithéagsúlacht Chontae na Gaillimhe .....</b>	<b>14</b>
Suímh Ainmnithe .....	14
Speicis faoi Chosaint agus Speicis Tearca.....	15
Gnáthóga agus Speicis a bhfuil Ardluach Bithéagsúlachta acu .....	15
Bagairtí do Bhithéagsúlacht i nGaillimh .....	22
<b>4. Reachtaíocht agus Beartais .....</b>	<b>23</b>
Reachtaíocht Náisiúnta, na hEorpa agus Idirnáisiúnta .....	23
<b>5. Plean Gníomhaíochta um Bhithéagsúlacht Chontae na Gaillimhe.....</b>	<b>29</b>
Réasúnaíocht agus Prionsabail Treoraithe.....	29
Seachadadh agus Cur i bhFeidhm.....	30
Na Páirtneirí Tionscnaimh.....	31
Maoiniú .....	31
Monatóireacht agus Athbhreithniú.....	31
<b>6. Bithéagsúlacht agus an Duine .....</b>	<b>42</b>
<b>7. Tagairtí agus tuilleadh léitheoireachta.....</b>	<b>44</b>
<b>8. Naisc Úsáideacha .....</b>	<b>45</b>
<b>9. Aguisíní.....</b>	<b>47</b>
Aguisín 1: Comhairliúchán .....	47
Aguisín II: Reachtaíocht Idirnáisiúnta, na hEorpa agus Náisiúnta.....	49
Aguisín III: Cáipéisí straitéise agus pleananna na hEorpa, Náisiúnta agus Áitiúla.....	51
Aguisín IV: Suímh atá Ainmnithe do Chaomhnú an Nádúir .....	53
Aguisín V: Speicis Cosanta.....	57

## **Buíochas**

Forbraíodh ‘Daoine agus an Nádúr’, Tionscnamh Bithéagsúlachta Chontae na Gaillimhe mar ghníomh de Phlean Oidhreachta Chontae na Gaillimhe 2004 – 2008. Tionscnamh páirtnéireachta atá ann atá cumasaithe de bharr tacaíochta flaithiúla ó Chomhairle Chontae na Gaillimhe, Ollscoil na hÉireann Gaillimh, Forbairt Tuaithe na Gaillimhe agus ó Fhóram Oidhreachta Chontae na Gaillimhe. Táthar an-bhuíoch freisin as an cion tairbhe a rinne an Chomhairle Oidhreachta agus an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil ó thaobh an cúnamh a thug siad nuair a bhí an Plean Gníomhaíochta um Bithéagsúlacht áitiúil seo á chur i dtoll a chéile.

Gabhtar buíochas leis an nGrúpa Stiúrtha Bithéagsúlachta agus leis na daoine, na gníomhaireachtaí reachtúla agus na heagraíochtaí neamh-rialtasacha ar fad as ucht na smaointe agus na barúlacha a chuir siad chun cinn le linn forbairt an phlean seo (liostáilte in Aguisín I).

### **Dréacht ullmhaithe ag**

Elaine O’Riordan, Bainisteoir ar an Tionscnamh Daoine agus an Nádúr le cúnamh ó Janice Fuller, Comhairleoir Éiceolaíoch.

### **Grianghraif le caoinchead**

Elaine O’Riordan, Janice Fuller, James Moran, Ger O’Donnell, Gordon D’Arcy, Vincent Wildlife Trust, J Green, Brídín Feeney

### **Maoiniú d’ullmhú an phlean curtha ar fáil ag**

An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, Comhairle Chontae na Gaillimhe, Forbairt Tuaithe na Gaillimhe, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, agus an Chomhairle Oidhreachta.

### **Grúpa Stiúrtha don Phlean Bithéagsúlachta**

An tUasal James Allison, Údarás um Chosaint Iascaigh Mhara  
An tUasal Padraic Divilly, Cumann Feirmeoirí na hÉireann  
An Dr Martin Feely, Eolaíochtaí Domhain & Farraiige, O.É. Gaillimh  
Mary Flynn Uasal, an tAonad Pobail & Forbartha, Comhairle Chontae na Gaillimhe  
An Dr Julie Fossitt, an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra  
An Dr Michael Gormally, an tAonad Éiceolaíochta Feidhmí, O.É. Gaillimh

Margaret Jennings Uasal, Grúpa Forbartha Pobail Cill Choithrin  
An tUasal Donal Keegan, an tSeirbhís Foraoiseachta, An Roinn  
Talamhaíochta, Iascach agus Bia  
Marie Mannion Uasal, Oifigeach Oidhreachta, Comhairle Chontae  
na Gaillimhe  
Kate McAney Uasal, Iontaobhas Fiadhúlra Vincent  
Máire Ní Chionna Uasal, Rannóg Comhshaoil, Comhairle Chontae  
na Gaillimhe  
An Dr Cilian Roden, Institiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe-Maigh  
Eo  
Miriam Stewart Uasal, Forbairt Tuaithe na Gaillimhe  
Marianne ten Cate Uasal, BirdWatch Galway

## **Giorruithe**

BCI	Caomhnú Ialtóg na hÉireann
BSBI	Botanical Society of the British Isles
ENGO	Eagraíocht Comhshaoil Neamh-Rialtasach
EU	Aontas na hEorpa
GMIT	Institiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe-Maigh Eo
IFA	Cumann Feirmeoirí na hÉireann
LBA	Limistéar Bithéagsúlachta Áitiúil
NHA	Limistéar Oidhreachta Náisiúnta
NPWS	Seirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra
NUIG	Ollscoil na hÉireann, Gaillimh
SAC	Limistéar Caomhnaithe Speisialta
SPA	Limistéar faoi Chosaint Speisialta
SRBD	Ceantar Abhantrach na Sionainne
SRFB	Bord Iascaigh Réigiúnach na Sionainne
VWT	Iontaobhas Fiadhúlra Vincent
WRBD	Ceantar Abhantrach an Iarthair
WRFB	Bord Iascaigh Réigiúnach an Iarthair

## 1. Ráiteas Físe, Aidhmeanna agus Cuspóirí

### Fís

Coinneofar bithéagsúlacht shaibhir Chontae na Gaillimhe agus cuirfear léi trí chur chuige páirtnéireachta do chaomhnú an nádúir.

Tá an fhís seo bunaithe ar an gcreideamh

- Go gcothóidh níos mó feasachta agus léirthuisceana ar luach na bithéagsúlachta braistint maoirseachta i measc muintir na Gaillimhe.
- Go mbeidh déanamh cinnidh faisnéisithe agus bainistíocht éifeachtach ár n-acmhainní nádúrtha mar thoradh ar níos mó eolais faoin timpeallacht nádúrtha.

### Aidhm

Is í an aidhm atá ag **Plean Gníomhaíochta um Bhithéagsúlachtan Chontae** bithéagsúlacht an chontae a chur chun cinn, a chosaint agus a fheabhsú ar mhaithe le leas muintir na Gaillimhe agus ár n-oidhreacht nádúrtha araon.

### Cuspóirí

Is iad na trí phríomhréimse gníomhaíochta agus cuspóra atá ag **Plean Gníomhaíochta um Bhithéagsúlachtan Chontae** ná:

- **Feasacht agus rannpháirtíocht:** Níos mó feasachta agus tuisceana ar bhithéagsúlacht a chothú i measc gach earnáil den phobal, mar aon le daoine áitiúla a spreagadh páirt ghníomhach a ghlacadh i gcur chun cinn, caomhnú agus feabhsú na hoidhreacht nádúrtha áitiúla.
- **Eolas:** Eolas ar bhithéagsúlacht i gContae na Gaillimhe a mhéadú trí thacú le taighde sa chontae agus é a chur chun cinn, mar aon le héascaíocht a dhéanamh ar bhailiú agus ar scaipeadh eolais agus sonraí i ndáil le bithéagsúlacht.
- **Caomhnú:** Cabhrú le caomhnú bithéagsúlachta Chontae na Gaillimhe trí ghníomhú díreach agus trí ghlacadh le cur chuige éiceachórais d'fhorbairt beartais.

## 2. Brollach

### Contae na Gaillimhe

Contae mór in iarthar na hÉireann is ea Gaillimh, agus tá an-cháil air as ucht a oidhreacht nádúrtha agus chultúrtha. De bharr a aeráide agus a geolaíochta, mar aon lena stair oighreach agus úsáide talún, tá tírdhreach athraitheach ag an gcontae, agus tá raon gnáthóga nádúrtha an-éagsúil aige. Tá aolchloch mar bhunshraith ag go leor den tírdhreach in oirthear agus deisceart Chontae na Gaillimhe, tírdhreach atá réidh droimneach. Ar an lámh eile, tá bunshraith de bhuncharraig aigéadach cosúil le heibhir in iarthar an Chontae, áit a bhfuil na beanna is airde sa Chontae. De bharr a geolaíochta, na aeráide séimhe agus na báistí flúirsí, tá raidhse agus éagsúlacht bogach, portach agus gnéithe fionnuisce ag an gcontae. Trasghearrann go leor aibhneacha agus locha an contae, agus tá Loch na Coiribe, an dara loch is mó in Éireann, ina lár. Tá cósta Atlantach fairsing agus éagsúil mar theorainn ag Gaillimh san iarthar, agus áirítear i measc na ngnéithe atá ag an gcósta seo aillte, dumhacha, cladaigh agus riasca goirte. Tá roinnt oileáin sa chontae freisin, ina measc Inis Bó Finne agus Oileáin Árainn, a bhfuil daoine ina gcónaí orthu.



Tá an-tábhacht ag Contae na Gaillimhe i gcomhthéacs chaomhnú an nádúir mar go bhfuil go leor de na gnáthóga, flóra agus fána tearc sa chomhthéacs náisiúnta agus i gcomhthéacs na hEorpa. Áit chónaithe speisialta atá i nGaillimh mar gheall ar an saibhreas oidhreachta nádúrtha, fiadhúlra agus tírdhreacha fiáine agus fágann siad seo gur ceann scríbe an-tarraingteach do thurasóirí é freisin. Tá an-tóir ar an gcontae anois mar áit chónaithe agus áit oibríthe agus tá roinnt de na nithe is díol spéise do thurasóirí is mó tóir in Éirinn ann freisin.

Tá freagracht ag Comhairle Chontae na Gaillimhe as limistéar riaracháin Chontae na Gaillimhe, ach amháin Cathair na Gaillimhe. Meastar go bhfuil daonra díreach os cionn 159,000 ag an gcontae (gach limistéar lasmuigh de Chathair na Gaillimhe). Daonra tuaithe den chuid is mó atá sa chontae, agus níl ach thart ar 15% den daonra ina gcónaí i mbailte ina bhfuil níos mó ná 1,500. Is in oirthear na Gaillimhe atá na bailte is mó, is iad sin Béal Átha na Slua, Tuaim, Baile Átha an Rí, agus Gort Inse Guaire, agus ansin tá an Clochán i gConamara, iarthar na Gaillimhe.

### **Céard é Bithéagsúlacht?**

Is é an sainmhíniú simplí atá ar ‘bithéagsúlacht’ ná éagsúlacht an bheatha ar an Domhan mar aon leis na slite ina mbíonn neacha beo ag idirghníomhú lena chéile agus leis an domhan atá mórthimpeall orthu. Cuimsíonn bithéagsúlacht an raon difríochtaí idir speiceas, difríochtaí idir indibhidí den speiceas céanna (éagsúlacht gheiniteach) mar aon leis na bealaí éagsúla ina mbíonn na horgánaigh seo uile ag maireachtáil. Focal eile atá i mbithéagsúlacht don nádúr ná don dúlra agus áirítear leis daoine, ainmhithe, plandaí agus miocróib mar aon leis na háiteanna a mbíonn siad ina gcónaí iontu (gnáthóga). Tá bithéagsúlacht mórthimpeall orainn, i ngarraithe agus i bhfálta sceach, i bportaigh agus i gcoillte, ar bharr sléibhte agus ar chóstaí.

## **Bithéagsúlacht**

Giorrúchán é bithéagsúlacht ar ‘éagsúlacht bhitheolaíoch’. Rinneadh sainmhíniú air sa Choinbhinsiún ar Éagsúlacht Bhitheolaíoch 1992 mar:

“An athraitheacht atá ann i measc neacha beo ó gach foinse lena n-áirítear, *inter alia*, éiceachórais talúnda, mara agus éiceachórais uisce eile mar aon leis na coimpléisc éiceolaíocha a bhfuil siad mar chuid dóibh; áirítear leis seo éagsúlacht laistigh de speiceas, idir speiceas mar aon le héagsúlacht éiceachórais.”

### **Cén fáth go bhfuil bithéagsúlacht tábhachtach?**

Is í éagsúlacht an tsaoil a chuireann blas air! Tá athraitheas den riachtanas d’fhonn an bheatha a choinneáil ar domhan. Tá gach neach beo i mbun éablóide leis na milliúin bliain agus tá gach ceann acu oiriúnaithe dá ról ina dtimpeallacht nádúrtha. Bíonn plandaí agus ainmhithe ag brath ar a chéile chun teacht slán. Tá an duine ina chuid den ghréasán beatha casta seo agus bíonn sé ag brath ar bhithéagsúlacht chun príomhriachtanais an tsaoil a chur ar fáil dó, lena n-áirítear bia, foscadh, ocsaigín, cógais agus seirbhísí cosúil le hionú aeir agus uisce.

## **Ag Aithint Luach na Bithéagsúlachta – Táirgí agus Seirbhísí**

Cuireann bithéagsúlacht go leor táirgí agus seirbhísí tábhachtacha ar fáil cosúil le:

### **Seirbhísí**

Pailniú Bharra Bia

Srianadh lotnaidí

Cobhsú ithreach

Rialú tuillte

Leasú aeir, ithreach agus uisce

Rialú truailithe

Rialú na haeráide áitiúla

Caitheamh aimsire agus turasaíocht

Oidhreacht chultúrtha

Luachanna aeistéitiúla agus spioradálta

Oideachas

Scaipeadh síolta



*Abhainn Abbert, Mainistir Chnoc Muaidhe*

## Táirgí Bithéagsúlachta

Bia

Leigheas

Ámhábhar – adhmaid, snáithíní, roisíní, gumaí, mianraí

Breosla – adhmaid, gual, ola, gás, móin



*Déanamh féir sa stíl traidisiúnta, Na Forbacha*

Nuair a dhéanfaimid díobháil do bhithéagsúlacht, is féidir linn cothrom fíneáilte an nádúir a chur as a riocht, agus d'fhéadfadh torthaí fadtéarmacha agus tromchúiseacha a bheith aige seo dúinne agus don domhan beo atá mórthimpeall orainn. Tá sé tábhachtach mar sin go mbainfimid úsáid as táirgí an nádúir ar bhealach críonna d'fhonn cinntiú go mbeidh dóthain acmhainní bitheolaíocha ag na glúin atá le teacht chun a riachtanais a chomhlíonadh.

## Ag Aithint Luach na Bithéagsúlachta – Sampla Praiticiúil

### Cuimhnigh ar ról na péiste talún boichte!



Mar chuid den bhiashlabhra nádúrtha

- Tá péisteanna talún ina mbia do go leor ainmhithe lena n-áirítear éin, froganna, éisc, broic agus gráinneoga

Timthriall cothaitheach

- Agus iad i mbun beathaithe agus tochailte, éascaíonn péisteanna talún lobhadh ábhar orgánach agus déanann siad cothaitheach sa chréafóg as fuíollábhar.

Feabhsú ithreach

- Cruthaíonn tochailt cainéil sa talamh, sa chaoi sin ag aerú na hithreach agus ag cabhrú le draenáil agus le fás fréamhacha.

Cosc Galar

- Nuair a bhaintear as easair plandaí go sciobtha, cabhraíonn sé cosc a chur ar scaipeadh spór fungasach.

## Luach ar Airgead

Meastar gurbh fhiú €750 milliún do gheilleagar na hÉireann in aghaidh na bliana an obair a dhéanann an phéist talún.

Tá an mheicníocht feirmeoireachta, atá méadaithe go mór, ag déanamh bagartha ar an bpéist talún, mar aon le creachóireacht ó leithphéist Nua Shéalainn, speiceas a tugadh isteach trí ghairneoireacht.

## Cailteanas Bithéagsúlachta

Tá bithéagsúlacht ag imeacht as ar fud an domhain go tapaidh. Tá gníomhaíocht an duine ag déanamh bagartha ar roinnt de na gnáthóga ina bhfuil an-fhlúirse speicis. Is iad na príomhchúiseanna atá ag cailteanas bithéagsúlachta ná scriosadh agus scaipeadh gnáthóga, rudaí atá tarlaithe de bharr truailithe, forbairt agus uirbiú limistéar tuaithe, mianadóireacht mar aon le hathruithe i gleachtais talamhaíochta. Tá an-díobháil déanta ag ró-shaothrú acmhainní nádúrtha ar go leor gnáthóga, lena n-áirítear foraoiseanna trópaiceacha agus portaigh. Tá speicis plandaí agus ainmhithe ionracha neamhdúchasacha ina mbagairt do flóra agus fána dúchasach ar fud an domhain. Anuas air sin, tá fianaise láidir eolaíochta ann chun tabhairt le fios go bhfuil aeráid an Domhain ag athrú. Cheana féin, tá teochtaí níos airde, patrúin baistí athraitheacha agus gnéithe eile d'athrú aeráide ag imirt tionchair ar bhithéagsúlacht ar fud an domhain agus tugann an fhianaise le fios gur dócha go mbeidh na tionchair seo níos feiceálaí amach anseo.

In Éirinn, tá roinnt de na bagairtí is mó dár mbithéagsúlacht tarlaithe de dheasca an rath a bhí ar ár ngeilleagar. Tá go leor dár mbailte móra agus cathracha ag fás ar bhealach nach bhfacthas ariamh de réir mar a tháinig feabhas ar ár ngeilleagar agus mar a tháinig ardú ar an daonra. Le blianta beaga anuas, tá athrú mór tagtha ar an gcaoi ina ndéantar bainistíocht ar thalamh in Éirinn, agus dianchleachtais feirmeoireachta ar scála mór atá in uachtar anois, le hais na córais feirmeoireachta fairsinge ar scála beag a bhíodh ann. Ar an drochuair, in éineacht leis an bhforbairt luathaithe seo, feicimid go bhfuil meath comhfhreagrach ann in ár n-oidhreacht nádúrtha.

I dtéarmaí coibhneasta, is le déanaí a tharla forbairt thionsclaíoch in Éirinn, agus dá bharr sin, níor dearnadh an méid céanna díobhála dár gcomhshaoil is a tharla do roinnt dár gcomharsana san Eoraip.



*Guilbneach Earrdhubh*

## Cén fáth go bhfuil Plean Gníomhaíochta um Bhithéagsúlacht ag teastáil?

Deis a bheidh sa Phlean Gnímh um Bhithéagsúlacht seo oibriú le chéile d'fhonn oidhreacht nádúrtha uathúil Chontae na Gaillimhe a chaomhnú mar aon le cosc a chur ar tuilleadh cailteanais bithéagsúlachta.

Cuireann Plean Gníomhaíochta um Bhithéagsúlacht áitiúil creatlach ar fáil d'fhonn bithéagsúlacht a chaomhnú ag an leibhéal áitiúil. Tá sé deartha d'fhonn cinntiú gur féidir na spriocanna náisiúnta agus idirnáisiúnta do chaomhnú bithéagsúlachta a bhaint amach agus ag an am céanna a bheith ag tabhairt aghaidh ar thosaíochtaí áitiúla. Gnéithe tábhachtacha den phlean freisin is ea feasacht phoiblí a ardú mar aon le rannpháirtíocht an phobail sa tionscnamh a spreagadh.

### An Tionscnamh Daoine agus an Nádúr

Tá ról ceannródaíoch glactha ag Gaillimh i dtéarmaí glacadh le cur chuige páirtnéireachta agus réamhghníomhach do chaomhnú oidhreachta nádúrtha, agus tá an Tionscnamh Daoine agus an Nádúr ag feidhmiú ó 2005.

Gníomh de Phlean Oidhreachta Chontae na Gaillimhe 2004-2008 is ea an tionscnamh **people & nature** a bhfuil airdhm aige aghaidh a thabhairt ar bhithéagsúlacht i gContae na Gaillimhe mar aon leis an bPlean Gníomhaíochta um Bhithéagsúlacht do Chontae na Gaillimhe a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm.

Agus é ag fáil tacaíochta ó Fhóram Oidhreachta Chontae na Gaillimhe, reáchtáiltear Daoine agus an Nádúr mar thionscnamh páirtnéireachta idir Comhairle Chontae na Gaillimhe agus OÉ, Gaillimh agus tacaíonn Forbairt Tuaithe na Gaillimhe agus an Chomhairle Oidhreachta leis.

Cuireann grúpa stiúrtha comhairle ar fáil don tionscnamh, a bhfuil baill aige ó Chomhairle Chontae na Gaillimhe, Fóram Oidhreachta Chontae na Gaillimhe, an tAonad Éiceolaíochta Feidhmí, OÉ Gaillimh, an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra, Institiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe-Maigh Eo, Úinéirí Talún, an tSeirbhís Foraoiseachta, an Bord Iascaigh, BirdWatch Ireland (Craobh na Gaillimhe), Forbairt Tuaithe na Gaillimhe, Ionad Oideachais na Gaillimhe, Grúpaí Oidhreachta agus an Pobal Áitiúil.



Tá an Plean Gníomhaíochta um Bhithéagsúlacht seo ina fho-chuid de Phlean Oidhreachta Chontae na Gaillimhe. Forbraíodh é le cúnamh agus le hionchur ó raon leathan páirtithe leasmhara (liostáilte in

Aguisín I). Choimisiúnaigh an Chomhairle Oidhreachta éiceolaí comhairleach d'fhonn cúnaimh a thabhairt le hullmhú an phlean gnímh bithéagsúlachta áitiúil, i bpáirtnéireacht le Bainisteoir an Tionscnaimh Daoine agus an Nádúr, agus le páirtnéirí. Ullmhaíodh an plan de réir na dtreoirlínte atá foilsithe ag An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil.

Rinne an Grúpa Stiúrtha Bithéagsúlachta maoirseacht ar fhorbairt an phlean, agus chuathas i mbun dian-chomhairliúcháin le baill den fhóram oidhreachta, an pobal áitiúil agus le grúpaí oidhreachta agus le geallshealbhóirí eile (Aguisín I). Tá na cuspóirí agus na gnímh atá molta sa phlean seo tagtha chun cinn de bharr an phróisis comhairliúcháin seo.

Is é an rún atá ann ná gur straitéis oibre a bheidh sa phlean gníomhaíochta um bithéagsúlacht seo a chabhróidh linn ár mianta a bhaint amach agus ár n-oibleagáidí a chomhlíonadh i ndáil le bithéagsúlacht sna blianta atá amach romhainn. Táthar ag súil go gcabhróidh an plan feasacht ar bhithéagsúlacht a ardú i measc muintir na Gaillimhe agus go spreagfaidh sé daoine a bheith gníomhach i gcaomhnú agus i gcur chun cinn bithéagsúlachta ag an leibhéal áitiúil.

Aithníonn páirtnéirí an tionscnaimh Daoine agus an Nádúr an ról a bhí acu sin ar fud a chuir le forbairt Plean Gníomhaíochta um Bithéagsúlacht Chontae na Gaillimhe, agus fáiltíonn siad roimh na páirtnéireachtaí a bheidh ag teastáil d'fhonn gníomhartha an phlean a sheachadadh sna blianta atá amach romhainn.



*Gairdín Orgánach Phobal Thuama*



*Siúlóid Portaigh, Indreabhán*

### 3. Bithéagsúlacht Chontae na Gaillimhe



*Cuaichín Caol*

Tá oidhreacht nádúrtha shaibhir ar leith ag Contae na Gaillimhe agus tá líon ard suíomh bithéagsúlachta ar díol spéise ach go háirithe iad, go príomha de bharr suímh cósta an chontae, a geolaíochta, a topagrafaíochta agus a stair úsaide talún. Tá réimse an-leathan gnáthóga nádúrtha ag Gaillimh, lena n-áirítear go leor a bhfuil tábhacht idirnáisiúnta acu ó thaobh an nádúir de, mar shampla, bratphortaigh, seascainn, fraochmhá, coillearnach darach ársa, turlaigh, féarach cailcreach ar mhórán speiceas mar aon le pábháil aolchlocha. Mar thoradh ar an réimse éagsúil gnáthóga seo, is i nGaillimh atá an líon is airde suíomh sa tír a bhfuil plandaí tearca ag fás ann. (Conaghan *et al.* 2006).

#### Suímh Ainmnithe

Comhartha ar a shuntasáí is atá oidhreacht nádúrtha na Gaillimhe i dtéarmaí idirnáisiúnta is ea é go bhfuil céatadán ard den chontae ainmnithe do chaomhnú nádúir faoi reachtaíocht na hEorpa agus Náisiúnta (féach Aguisín II le haghaidh tuilleadh eolais faoi reachtaíocht chaomhnú an nádúir). Tá seachtó-trí Limistéar Caomhantais Speisialta (SAC) ainmnithe do dhaichead a seacht gnáthóg Iarscríbhinn I, lena n-áirítear deich ngnáthóg tosaíochta. Aithníonn Aontas na hEorpa go bhfuil luach caomhnaithe nádúir an-ard ag gnáthóga Iarscríbhinn I. Anuas air sin, tá ceithre shuíomh déag ainmnithe mar Limistéir faoi Chosaint Speisialta (SPA) d'éin. Tá 32 suíomh eile ainmnithe mar Limistéir Oidhreachta Náisiúnta (NHA) atá tábhachtach i dtéarmaí náisiúnta agus a bhfuil cosaint tugtha dóibh san Acht um Fhiadhúlra. Féach Aguisín V le haghaidh tuilleadh sonraí.

Tá thart ar 2,957 heicteár i bPáirc Náisiúnta Chonamara, ceann de na nithe is mó díol spéise do thurasóirí i nGaillimhe, agus cuimsíonn sé sléibhte mórscéimhe, mar aon le fairsinge portach, fraochmhánna, féarach agus coillearnacha. Tá ocht n-anaclann dúlra i nGaillimh freisin, agus tá rochtain ag an bpobal ar go leor acu.



*Páirc Náisiúnta Chonamara*

## Speicis faoi Chosaint agus Speicis Tearca

Tá líon ard speiceas i nGaillimh atá tearc, faoi bhagairt agus neamhghnách, lena n-áirítear líon ard plandaí agus ainmhithe atá cosanta de réir reachtaíochta náisiúnta agus an Aontais Eorpaigh (liostáilte in Aguisín III). Luafar roinnt de na speicis seo sa téacs ar ball.

## Gnáthóga agus Speicis a bhfuil Ardluach Bithéagsúlachta acu

Tá luach ar leith ó thaobh an nádúir de ag **tailte portaigh** cosúil le portaigh ardaithe agus bratphortaigh, ag fraochmhá fliuch agus tirim, agus ag seasainn mar gheall ar theirce na ngnáthóg seo i gcomhthéacs idirnáisiúnta, agus mar gheall ar an bhflóra agus fána saintréitheacha a bhíonn ina gcónaí sna háiteanna seo atá fliuch, móinteach agus go minic an-aigéadach.

Tá 50% de na portaigh ardaithe atá fágtha san Eoraip ar fiú iad a chaomhnú le fáil in Éirinn. Tá líon **portach ardaithe** beo ar ardchaighdeán i dtuaisceart agus in oirthear Chontae na Gaillimhe, chomh maith le limistéir móra portaigh ardaithe réitithe agus díghrádaithe.



*Drúchtín móna, planda portaigh feoiliteach*

Tá roinnt de na samplaí is fearr de bhratphortach slán san Eoraip le fáil in Éirinn, agus i nGaillimh ach go háirithe. Is é an gnáthóg is fairsingí a bhfuil tábhacht air ó thaobh an nádúir de laistigh de Chontae na Gaillimhe ná bratphortach ísealchríche, i gConamara theas go príomha. Cuireann an gnáthóg seo, atá le fáil go minic i gcomharsanacht locha agus aibhneacha atá bocht ó thaobh cothaitheach de, gnáthóga ar fáil do líon ard plandaí tearca lena n-áirítear **Ceannbhán Caolduilleach, Magairlín na Móna** agus **Lus an Phiollaire**. Bratphortach ardtalaimh atá in uachtar ar shléibhte Chonamara agus i limistéir eile ardtalaimh an chontae, mar aon le **fraochmhá fliuch, tirim agus sléibhe**.

Bíonn líon éan ina gcónaí agus ag póru ar phortaigh lena n-áirítear **an Chearc Fhraoigh, an Fheadóg Bhuí** agus an **Crotach**. Tá na héin seo an-leochaileach do chailteanas ghnáthóg portaigh ar ardchaighdeán agus tá siad atá dul i léig le blianta fada. Tá gnáthóga bratphortaigh, fraochmhá agus foraiseanna óga buaircíneacha ar Shliabh Eachtaí in dtailte póraithe tábhachtacha do **Chrómán na gCearc**.

Limistéir fhairsinge fraochmhá tirim agus lomáin buncharraige (eibhir den chuid is mó) atá in uachtar i gceantair chósta Chonamara. Cuireann na hithreacha éadoimhne, móinteacha atá sna fraochmhánna

cósta seo gnáthóga ar fáil do réimse plandaí tearca lena n-áirítear **an Ghlasair Bheannach, an tSailchuach Liath, an Magairlín Féitheach** agus **an Grianrós Breac**.



*An Fritileán Réisc*

Cineál talamh portaigh eile atá tábhachtach ach nach bhfuil chomh flúirseach sin atá i **seascainn** a fhaightear i nGaillimh, agus is minic a bhíonn sé le fáil in éineacht le portaigh ardaithe, eascracha agus/nó locha. Is é an **Fritileán Réisc** ar cheann de na speicis is mó atá i mbaol san Eoraip de bharr caillteanais a ghnáthóg ar fud go leor dá réimse. Tá céatadán mór de dhaonra na hÉireann ag Contae na Gaillimhe agus is féidir cóilíneachtaí a fháil ar líon seascann agus ar shuímh portach ardaithe in oirthear an chontae.

Gnáthóg uathúil atá i **bpabháil aolchloiche** atá le fáil i réigiún na Boirne sa Chlár, deisceart Chontae na Gaillimhe agus ar Oileáin Árann. Déanann lomáin aolchloiche nochta mar aon leis na gnáthóga gaolmhara fraochmhá aolchloiche, scrobarnaigh agus coillearnaigh gnáthóga speisialta mósáiceacha ina mbíonn go leor speiceas planda neamhchoitianta agus cluichreáin planda neamhghnácha. Tá limistéir fhairsinge pábhála aolchloiche ann i gcónaí ó dheas ó Chinn Mhara, in éineacht le roinnt paistí leithlisithe a bhíonn ar chonair ó Chill Cholgáin go dtí Tuaim, agus gar do Mhaigh Cuilinn. Is minic a bhíonn na bloghanna beaga pábhála aolchloiche seo i gcomharsanacht féaraigh cailcrichte ar mhórán speiceas agus amantaí bíonn siad in ann tacú leis an speiceas cosanta, **Peasair Shearbh**.

Agus iad gaolmhar go minic le pábháil aolchloiche, gnáthóg tosaíochta eile atá i **bhféaraigh cailcreacha ar mhórán magairlíní**. Tá na féaraigh leath-nádúrtha ar mhórán speiceas seo ag éirí níos teirce in Éirinn mar thoradh ar athruithe i gcleachtais talamhaíochta mar aon le forbairt tithíochta. Is féidir roinnt samplaí maithe a fheiceáil sna hOileáin Árann, (SAC), timpeall Castletaylor (SAC) agus i bPáirc na mBa (nach bhfuil ainmnithe) i nDroichead an Chláirín.

Is féidir le **huaimheanna aolchloiche** faoi thalamh a bheith ina láithreacha tábhachtacha geimhrithe d'ialtóga cosúil leis an **gCrú-Ialtóg Bheag**, atá le fáil díreach i sé chontae ar chósta iarthair na hÉireann, Gaillimh san áireamh. Tá tábhacht ar leith ag daonra na hÉireann de na Crú-Ialtóga

Beaga mar go bhfuil meath tromchúiseach tarlaithe don speiceas agus ar ndóigh tá siad díofa sa chuid is mó den Eoraip.



*Samhradh – Turloch folamh*

Gné uathúil de réigiún aolchloiche in iarthar na hÉireann is iad **turlaigh**, agus is gnáthóg tosaíochta iad de réir Treoir Gnáthóga an AE. Tá na locha séasúracha seo ina n-óstach do réimse saintréithiúil ainmnithe agus plandaí atá oiriúnaithe don mhaoslár luaineach agus áirítear leo roinnt speicis atá tearc, mar shampla **an tSailchuach Uisce, an Draighean Fearna agus an Lus Braonach**. Tá turlaigh flúirseach i dtuaisceart, oirthear agus i ndeisceart Chontae na Gaillimhe agus tá líon suíomh turlaigh eisceachtúil



*Geimhreadh- Turloch lán*

sa réigiún cosúil le Turlaigh Chúl Cam, Cruachoill, Baile na Staic, Cúl-Garíollán agus Gleann na Madaidh. Is é Turloch Rath Easáin in aice le Creachmhaoil an ceann is mó in Éirinn agus tá an-tábhacht aige d'éin a bhíonn ag caitheamh an gheimhridh ann.

Tá raidhse **locha fionnuisce** buana ag Gaillimh freisin, agus roinneann an ceann is mó, Loch na Coiribe, an contae ina dhá réigiún atá leithleach ó thaobh na geografaíochta de in iarthar agus in oirthear an chontae. Soláthraíonn cladaigh Loch na Coiribe gnáthóga do líon speiceas plandaí tearc lena n-áirítear **Cúilín Gaelach, Cúigmhéarach Tomach** agus **Draighean Fearna**. Tá caighdeán uisce réasúnta maith ag go leor de na haibhneacha agus na locha i gContae na Gaillimhe. Tacaíonn na huiscí seo le líon speiceas plandaí agus ainmhithe tearca lena n-áirítear iascaigh thábhachtacha bradán agus breac donn.

Iasc an-tearc is é an Ruabhreac Artach, agus tá sé cosúil leis an mbreac donn ó thaobh na héiceolaíochta de agus ó thaobh crutha de. Ba é ceann de na céad iasc a rinne cóilíneachta in Éirinn i ndiaidh na Oighearaoise, ní bhíonn sé le fáil anois ach amháin i cúpla ceann de na locha fuara doimhne cosúil le Loch Eidhneach, Loch na bhForaí Maola agus Loch Atraí i gContae na Gaillimhe. Creidtear anois go bhfuil aon trian de dhaonraí dúchasacha an Ruabhric Artaigh in Éirinn díofa, agus níl aon eolas ar stádas fiche haon daonra eile. I nGaillimh, creidtear go bhfuil an Ruabhreac Artach díofa i dtrí loch agus níl aon eolas ar stádas na ndaonraí i dtrí loch déag eile. Tá **Pollán**, iasc an-tearc eile, le fáil i Loch Deirgeirt. In iarthar na hEorpa, tá sé teoranta do chúig loch in Éirinn san iomlán.

Speiceas atá in an-chontúirt atá sa **Diúilicín Péarlach Fionnuisce** de bharr truaillithe, scriosadh gnáthóga agus an iomarca iascaireachta. Teastaíonn uisce atá an-ghlan, trédhearcach agus atá an-ocsaiginithe uaidh chun maireachtáil agus i nGaillimh tá sé teoranta díreach do chúpla shuíomh uisce bog in iarthar an chontae lena n-áirítear an Abhainn Ruibh in Uachtar Ard. Nuair atá an Diúilicín

Péarlach Fionnuisce i láthair in abhainnchóras, tugann sé le fios go bhfuil uisce den chaighdeán is airde ann.

Tá **Gliomach Fionnuisce** cosanta in Éirinn agus faoi reachtaíocht an AE. Is fearr leis uiscí cailcreacha agus tá sé le fáil i Loch na Coiribe, Loch Deirgeirt agus in aibhneacha eile abhantrach an Sionainne. Tá tábhacht ar leith ag daonra an gliomaigh fionnuisce in Éirinn, mar go bhfuil sé saor ó ghalar fungasach a rinne slad ar dhaonraí in áiteanna eile san Eoraip.



*Magairlín Féaraigh  
Fhliuch*

Tá na **calaí**, ar féaraigh a bhíonn faoi uisce ar bhonn séasúrach iad ar thuilemhánna na Sionainne agus an tSuca, ina n-óstaigh do ghnáthóga tábhachtach fiadhúlra agus cuireann siad leis an mósáic shaibhir gnáthóga atá le fáil feadh na haibhneacha seo. I rith an tsamhraidh, tacaíonn na calaí le móinéir fhliucha eisceachtúla ar mhórán bláthanna, agus bíonn an **Traonach** ina chónaí ann, éan atá i gcontúirt ar fud an domhain. Sa ngeimhreadh, cuireann siad bia agus foscadh ar fáil do líonta móra éin fiáine a bhíonn ag geimhriú ann, lena n-áirítear **an Eala Ghlórach**, **an Lacha Rua** agus **an Pilibín** mar aon le healta mór géanna bhánéadanacha na Graonlainne, speiceas Iarscríbhinn I de Threoir an AE maidir le hÉin.

Tá os cionn 2,000 cm de chósta ag Contae na Gaillimhe. Tá go leor eangaithe ann agus tacaíonn sé le réimse éagsúil gnáthóga lena n-áirítear cladaigh carraigeacha agus gainimh, tránna scaineagáin, mar aon le murlaigh ghoirt. Gnáthóga tábhachtacha atá i **ndumhacha gainimh** agus féaraigh ar an gcósta do go leor speiceas inveirteabrach lena n-áirítear seilidí tearca, snáthaidí móra agus speicis feileacáin.



*Féarach machair, Conamara*

Gnáthóg tosaíochta atá i **Machair** (féarach réidh gainmheach) atá le fáil ar chósta na hÉireann agus na hAlban amháin. Tá machair le fáil in Éirinn ar an gcósta thiar-thuaidh, ó Chuan na Gaillimhe go Ceann Málainne i nDún na nGall. Go traidisiúnta, baineadh úsáid as go leor suíomh machair le haghaidh feirmeoireachta measctha neamhdhéine, go minic mar thalamh coimín. Tá machair ar ard-chaighdeán ar fáil ag roinnt suíomh i gConamara lena n-áirítear Trá Martóg in aice le Cloch na Rón agus Ceann Léime. Tá an-fhlúirse magairlíní agus

bláthanna fiáine anseo i rith míosa an tsamhraidh.

Is i gConamara Theas atá an suíomh is fearr sa tír do ghnáthóg tosaíochta eile faoi reachtaíocht an AE, **murlaigh cósta**, lena n-áirítear roinnt murlach locha shalanda atá suite ar mhóin. Níor taifeadadh an **Aol-Lus Fiteoige**, speiceas alga cosanta a fhásann i murlaigh atá an-shalanda ach ag cúig shuíomh in Éirinn, agus is i gConamara atá trí chinn acu.

Bíonn **riasca goirte** le fáil go minic in áiteanna ina bhfuil foscadh feadh chósta na Gaillimhe. Bíonn réimse speiceas iontu a bhfuil sé d'acmhainn acu na coinníollacha salanda a fhulaingt agus go minic, gnáthóga tábhachtacha atá iontu do **Dhobharchúna** agus do réimse leathan éan.

Tá flúirse bithéagsúlachta le fáil amach ó chósta Chontae na Gaillimhe. Tá scairbheacha fo-thoinn le fáil amach ó Oileáin Árann agus ó Chuan Chill Chiaráin (an chéad SAC mara in Éirinn), agus tacaíonn siad le bithéagsúlacht ollmhór inveirteabraigh mara lena n-áirítear eicínideirmeacha tearca, bundúin leice, spúinsí, coiréalaigh boga agus feana mara. Tá an t-aon daonra amháin fo-chladach den **Chúan Mara Corcra** in Éirinn le fáil ar scairbh siar ó chósta iarthair Inis Móir.



*Praiseach Thrá, planda tearc atá le fáil ar thránna scaineagáin i gContae na Gaillimhe*

Tá ceann de na flóra feamainne ar mhórán speiceas is mó san Eoraip in Éirinn, agus tá go leor áiteanna aitheanta ina bhféadfadh an-éagsúlacht feamainne a bheith ann, lena n-áirítear Cuan na Gaillimhe, cósta na Boirne agus Conamara. Díol spéise ach go háirithe is iad na grinnill maerla atá le fáil in áiteanna iartharacha amach ó chóstaí Chontae na Gaillimhe. Fosuithe doimhne d'alga dearg cailcreach atá san gnáthóga tearca seo (*Phymatolithon calcareum* agus *Lithothamnion* spp.) agus is iad atá ina n-údar do na tránna 'coiréalacha' atá chomh suntasach sin i gceantar na Ceathrún Rua.

Tá uiscí an Atlantaigh amach ó chósta na Gaillimhe ina n-óstach d'éagsúlacht leathan ainmhithe móra mara, lena n-áirítear **Deilfeanna Bolgshrónacha** mar aon leis **an Rón Beag** agus **an Rón Glas**. Bíonn éagsúlacht gnáthóga ar an gcósta d'éin mara, lena n-áirítear an **an Cág Cosdearg**, a bhíonn ag pórú ar shuímh carraigeacha ar an gcósta, agus **an Gheabhróg Bheag** a bhíonn ag neadú ar thránna gainmheacha.



*Deilf bholgshrónach, Conamara*

Gnáthóg atá neamhghnách i dtéarmaí coibhneasta atá i **gcoillearnach dúchasach** i gContae na Gaillimhe. In iarthar na Gaillimhe, suímh coillearnaí thábhachtacha atá i nDoire Cláir agus i mBaile na hInse i gConamara, agus in oirthear na Gaillimhe, i measc na limistéar suntasach coillearnaí darach, beithe agus cuilinn tá Gort an Charnáin, Droimín agus an Ghráig. Tá limistéar fairsing coillearnaí darach agus fuinseoige le fáil in éineacht le turlaigh an Chúil agus Garíollán. Tacaíonn na coillearnaigh seo le réimse speiceas planda tearc lena n-áirítear **an Cuaichín Caol, an Donnroisc** agus **an Buían Sailí**. Tá siad ina n-óstach freisin don **Stiallach Donn**, speiceas feileacáin atá an-logánta agus nach bhfuil le fáil ach amháin i nGaillimh, an Clár agus i dTiobraid Árann thuaidh agus iad ina gcónaí i gcoillearnaigh aolchloiche agus i bhfálta sceach.

Fiú nuair atá crainnte leathanduilleogacha neamhdhúchasacha (cosúil leis an bhfeá nó an seiceamóir) ceannasach, tá gnáthóga coillearnaí in ann tacú le réimse leathan plandaí agus ainmhithe. Cónaíonn daonraí tábhachtacha den **Iora Rua** i bPáirc Foraise Phort Omna agus i gCoillte Chill Cornáin i



*Cat Crainn*

nDroichead an Chláirín, speiceas a bhfuil a n-uimhreacha ag titim go tapaidh sa chuid is mó d'oirthear na tíre de bharr iomaíochta ón **Iora Glas Meiriceánach**, speiceas a tugadh isteach go dtí an tír. Mamach dúchasach tábhachtach eile atá sa **Chat Crainn** atá le fáil i gcoillearnaigh na Gaillimhe. De bharr gearleanúna a mhair ar feadh na

céadta bliain, tháinig titim tubaisteach ar líon na gcat crainn, ach tá a réimse ag leathnú arís anois de bharr cosanta dlíthiúla agus an méadú atá tagtha ar chlúdach foraoiseachta buaircíní agus coillearnach scrobarnaigh.

Gnáthóga saintréithiúil in Éirinn is iad **Eascracha** agus faightear iad den chuid is mó i lár na tíre. Cnoic fada lúbacha maolaithe atá iontu, a foirmíodh ag deireadh na hoighearaoise deireanaí nuair a d'fhosaigh aibhneacha uisce leáite oighreach siolta, gaineamh agus gairbhéal faoin oighear. Chomh maith le bheith ina ngnéithe geomoirfeolaíocha thar a bheith spéisiúil, bíonn eascracha tábhachtach as ucht na gnáthóga saintréithiúla coillearnaí agus féaraigh a mbíonn siad mar óstaigh dóibh, lena n-áirítear féaraigh ar mhórán speiceas ina bhfuil flúirse magairlíní. Tá roinnt eascracha i dtuaisceart agus in oirthear an chontae lena n-áirítear eiscir Richmond, Anaclann Dúlra gar do Chill Choithrin, áit a bhfuil dhá cheann den bheagán dromanna eascrach atá fágtha sa tír a bhfuil coillearnach dúchasach ar marthain ann i gcónaí.

Cuid lárnach d'oidhreacht chultúrtha agus nádúrtha is iad **fálta sceach**. Tá luach an-ard acu d'fhiadhúlra i dtírdhreach tuaithe na hÉireann ina bhfuil talamhaíocht den chuid is mó. Chomh maith le bia agus foscadh a sholáthar don t-uafás feithidí, éan agus ainmhithe eile, feidhmíonn siad freisin mar naisc nó mar chonairí, a ligeann d'fhiadhúlra bogadh ó ghnáthóg go gháthóg ar thóir bia. Is iad na fálta níos sine agus níos dlúithe go tipiciúil a thacaíonn le flúirse agus le



*Fál sceach aibí*

héagsúlacht níos mó fiadhúlra. Gné chomónta den tírdhreach faoin tuath atá i bhfálta sceach i dtuath na Gaillimhe, taobh thoir de Loch na Coiribe ach go háirithe. Gnáthóg fiadhúlra tábhachtach eile is ea **scrobarnach**, go speisialta in iarthar an chontae ina bhfuil níos lú clúdaigh ann i dtéarmaí coillearnaí agus fálta sceach. Tá bruacha aibhneacha agus claífoirt iarnróid mar aon le gnéithe líneacha eile in ann feidhmiú mar chonairí fiadhúlra.

Tá struchtúir shaorga cosúil le claíocha cloiche, droichid agus foirgnimh in ann a bheith an-tábhachtach d'fhiadhúlra agus soláthraíonn siad suímh beathaithe, geimhrithe agus fáirthe do go leor speiceas inveirteabraigh, éan agus ialtóga. Is maith leis na **Scréachóga Reilige**, atá níos teirce anois ná a bhíodh, seanfhoirgnimh feirme agus túir seipéil agus bíonn neadacha **Fáinleog** le feiceáil go minic ar go leor foirgnimh gach samhradh. Bíonn éagsúlacht caonach, scraith chloch agus plandaí le fáil ar seanstruchtúir cloiche tógtha.

De réir mar a théann féaraigh traidisiúnta ar mhórán speices i léig, bíonn **gruaimhíní cois bóthair** agus féaraigh imeallacha eile ag feidhmiú mar ghnáthóga tábhachtacha agus mar ghréasáin éiceolaíocha do go leor speiceas de bhláthanna fiáine mar aon leis na inveirteabraigh a mbíonn siad ag tacú leo. De



*Magairlín na mBeach*

bharr an réimis bainistíochta ar dhéine íseal, bíonn an-éagsúlacht bláthanna ag fás ar go leor gruaimhíní in aice le bóithre. I gConamara, d'fhéadfadh éagsúlacht mhór de speicis magairlíní a bheith ag fás ar stráicí fada gruaimhíní. Tá tábhacht ar leith ag na hoileáin amach ón gcósta do na sean-fhéaraigh leathnádúrtha seo. Is iad an t-aon áit in Éirinn ina bhfuil na speicis fiailí iarmharacha **Cnapán Gorm** agus **Roille** ag fás go fiáin i gcónaí, mar aon leis na suímh aonair i nGaillimhe don **tSailchuach Ghiobach**, an **Bleachtphiseán** agus an **Giolc**.

## Bagairtí do Bhithéagsúlacht i nGaillimh

Ar an drochuair, ainneoin ár n-oidhreacht nádúrtha shaibhir, tagann an comhshaoil i Contae na Gaillimhe faoi bhrú ó réimse gníomhaíochtaí a bhíonn ar siúl ag an duine. Baineann go leor de na fadhbanna is suntasaí leis an tógáil agus an fhorbairt méadaithe i mbailte agus faoi tuath le blianta beaga anuas. Tá leathnú bailte agus sráidbhailte san imeall uirbeach agus i gceantair tuaithe in



ann a bheith ina údar do mhilleadh gnáthóga substaintiúil, de réir mar atá gnáthóga nádúrtha lena n-áirítear bogaigh, coillte agus féaraigh á nglanadh nó a mbloghrú le haghaidh forbartha nua. Ábhar imní ach go háirithe is ea cailteanas claíocha cloiche agus fáлта sceach in go leor áiteanna sa chontae.

Tá fadhbanna atá gaolta le hathruithe in úsáid talun agus i gcleachtais feirmeoireachta le feiceáil freisin in go leor áiteanna. Is é an toradh a bhí ar dhraenáil ar scála mór, leasú agus athshíolú talaimh feirme ná go raibh cailteanas an-mhór bogach, fáлта agus féarach ar mhórán speiceas mar aon le truailiú na screamhuiscí agus na n-uiscí dromchla. I roinnt áiteanna sa tír, tá níos mó fianaise ann go bhfuil athrú gnáthóga ann de bharr tréigean na talamhaíochta. In easnamh bainistíochta rialta, tá tailte in ann éirí ré agus fiáin le fiailí, raithneach, driseacha agus scrobarnach, rud a fhágann go gcailltear féaraigh leathnádúrtha mar aon le héagsúlacht ar an iomlán.



Tá an fhadhb a bhaineann le speicis eachtracha ionracha tagtha chun cinn go mór le blianta beaga anuas de réir mar a d'éirigh líon speiceas planda agus ainmhithe ina lotnaidí éiceolaíocha. Ina measc seo áirítear Fiaile Lochán na hAfraice, 'Biabhóg na Síle', Glúineach Bhiorach, Ródaideandrón, an Diúilicín Riabhach agus an Minc Mheiriceánach.

*Glúineach Bhiorach*

Mar go bhfuil an méid sin fadhbanna comhshaoil ag baint le comhlíonadh riachtanais geilleagair agus daonra atá ag fás, tá sé den riachtanas a bheith ag déanamh ár ndíchill forbairt inbhuanaithe a bhaint amach. Mar sin, má leagtar níos mó béime ar chúram agus ar chúrsaí bithéagsúlachta ag céimeanna luatha gach gné den phleanáil, forbairt agus tionscail, is féidir cothromaíocht a bhaint amach idir riachtanais an chomhshaoil agus an riachtanas forbartha d'fhonn comhaireachtáil chomchuí a bhaint amach idir an duine agus an nádúr.

## 4. Reachtaíocht agus Beartais

### **Reachtaíocht Náisiúnta, na hEorpa agus Idirnáisiúnta**

Is é an phríomhreachtaíocht a bhaineann le bithéagsúlacht in Éirinn ná Treoracha an Aontais Eorpaigh maidir le hÉin agus le Gnáthóga, agus na hAchtanna Fiadhúlra. I measc na reachtaíochta eile a bhfuil tionchar aici ar chaomhnú na hoidhreachta nádúrtha tá na hAchtanna Pleanála agus Forbartha agus an Chreat-Treoir Uisce. Tá liosta cuimsitheach den reachtaíocht ábhartha ar fáil in Aguisín II.

Éilíonn **Treoir an Aontais Eorpaigh maidir le hÉin** ar bhallstáit réimse biotóip a bhainistiú, a chruthú agus a athchóiriú d'éin fiáine mar aon le Limistéir faoi Chosaint Speisialta (SPA) a ainmniú d'éin. Teastaíonn bearta caomhnaithe diana ó na speicis atá liostáilte in Iarscríbhinn I den Treoir, agus déanann na hIarscríbhinní eile rialú ar shealgaireacht na speiceas eile. Aistrítear an Treoir maidir le hÉin go dtí dlí na hÉireann trí na Rialacháin um Éin Fiáine, 1985.

Éilíonn **Treoir an Aontais Eorpaigh maidir le Gnáthóga** ar bhallstáit Limistéir Chaomhantais Speisialta (SAC) a ainmniú do líon cineálacha gnáthóga agus speiceas a bhfuil caomhnú ag teastáil uathu. Tá siad seo liostáilte sna hIarscríbhinní mar chuid de 'ghréasán éiceolaíochta comhleanúnach' ar fud na hEorpa a bhfuil Natura 2000 tugtha air. Éilítear ar bhallstáit suímh ainmnithe a bhainistiú nó a athchóiriú d'fhonn a stádas caomhnaithe fabhrach a choinneáil. Déanann an Treoir foráil freisin do bhunú 'clocha cora' nó 'conairí' idir suímh d'fhonn gluaiseacht speiceas a éascú agus d'fhonn leanúnachas a chur chun cinn laistigh de na gréasáin éiceolaíochta. Aistrítear an Treoir go dtí dlí na hÉireann trí na Rialacháin um Gnáthóga, 1997.

Dhá ceann de na príomhionstraimí dlíthiúla a rialaíonn cosaint flóra agus fána fiáine in Éirinn is ea **an tAcht um Fhiadhúlra, 1976** agus **an tAcht um Fhiadhúlra (Leasú), 2000**. Cuireann na hAchtanna ar chumas an aire anaclann nádúrtha a bhunú ar thailte an stáit, aithníonn siad anaclanna atá in úinéireacht phríobháideach agus ainmníonn siad talamh mar thearmann do speiceas fána a bhfuil cosaint ag teastáil uaidh. Leagann na hAchtanna amach na rialacháin do shealgaireacht agus do ghabháil ainmhithe fiáine agus tugann siad cumhacht forfheidhmithe do na Gardaí agus d'ionadaithe an Aire. Tugann an Leasú cosaint fhoirmeálta dlíthiúil do Limistéir Oidhreachta Nádúrtha (NHA).

## Coinbhinsiún ar Éagsúlacht Bhitheolaíoch

Comhaontú ceangailteach atá sa chonradh idirnáisiúnta seo a d'eascair ó Chomhdháil na Náisiún Aontaithe ar an gComhshaoil agus Forbairt, 1992 in Rio de Janeiro, an Bhrasaíl.

Is iad na trí phríomhspríoc atá ag an Coinbhinsiún ar Éagsúlacht Bhitheolaíoch ná:

- ◆ éagsúlacht bhitheolaíoch a chaomhnú
- ◆ úsáid inbhuanaithe comhpháirteanna na bithéagsúlachta, agus
- ◆ dáileadh cothrom na dtairbhí a thiocfaidh as úsáid na bithéagsúlachta.

De réir an choinbhinsiúin, aontaíonn gach tír tabhairt faoi líon gníomhartha chun stad a chur le caillteanas na bithéagsúlachta, lena n-áirítear forbairt Plean nó Straitéis Náisiúnta Bithéagsúlachta.

Shínigh Éire an Coinbhinsiún in 1992 agus dhaingnígh sí é in 1996.



*Aimiréal Dearg*

D'fhonn tuilleadh eolais a fháil, téigh go dtí [www.cbd.int](http://www.cbd.int)

## Countdown 2010

Ag an gCruinniú Mullaigh Domhanda ar Fhorbairt Inbhuanaithe i 2002, tháinig ceannairí an domhain ar chomhaontú spríoc domhanda a shocrú *'d'fhonn laghdú suntasach a bhaint amach sa ráta reatha caillteanas bithéagsúlachta'* faoi 2010. Tá straitéis bithéagsúlachta an AE níos uailmhianaí fós agus tá sé mar aidhm aige *'stad a chur le caillteanas bithéagsúlachta'* faoi 2010.

## Plean Náisiúnta Bithéagsúlachta

In 2002 foilsíodh Plean Náisiúnta Bithéagsúlachta na hÉireann, inar leagadh amach sraith gníomhartha a bhfuil sé mar aidhm acu bithéagsúlacht a chur chun cinn agus a chaomhnú ag an leibhéal náisiúnta agus áitiúil. Agus é ag aithint an *'príomhról atá ag Údaráis Áitiúla ó thaobh a bheith sa suíomh is fearr chun caomhnú oidhreachta a chur chun cinn go ginearálta maidir le pleananna agus cláir áitiúla'*, leagann an Plean amach dhá ghníomh sonracha do na hÚdaráis Áitiúla:

Gníomh10. Ullmhóidh gach Údarás Áitiúil Plean Áitiúil Bithéagsúlachta i gcomhairliúcháin le geallshealbhóirí.

Gníomh 11. Ainmneoidh gach Údarás Áitiúil oifigeach teagmhála do nithe a bhaineann le caomhnú oidhreachta nádúrtha sa limistéar seo.

### **Beartas agus Pleananna Áitiúla**

Tá roinnt pleananna áitiúla agus cáipéisí beartais foilsithe ag Comhairle Chontae na Gaillimhe. Tá forálacha ginearálta agus/nó sonracha ag go leor acu seo don chomhshaoil agus d'oidhrecht nádúrtha. Tá sé beartaithe go mbeidh Plean Gníomhaíochta um Bithéagsúlacht Chontae na Gaillimhe ag tacú agus ag treisiú le cuspóirí na bpleananna seo agus go gcabhróidh sé leis an gComhairle Chontae dul i ngleic leis na dúshláin a bheidh ann i ndáil lena hoibleagáidí bithéagsúlachta a chomhlíonadh faoin mbeartas agus reachtaíocht áitiúil, náisiúnta agus idirnáisiúnta.

Tá coincheap na forbartha inbhuanaithe lárnach do bheartais agus do chuspóirí gach plean áitiúil a chuireann an Chomhairle Chontae i dtoll a chéile. Is é an sainmhíniú atá ar inbhuanaitheacht mar a tugadh i dTuarascáil Brundtland é i 1997 na 'forbairt a chomhlíonann riachtanais an lae inniu gan cumas na nglún atá le teacht a riachtanais féin a chomhlíonadh a chur i gcontúirt.'

Tá cur síos gearr ar na cáipéisí beartais áitiúil is tábhachtaí anseo. Tá tuilleadh eolais ar fáil in Aguisín III.

Is é an *Plean Corparáideach 2005 - 2009* creatlach straitéiseach Chomhairle Chontae na Gaillimhe le haghaidh gnímh sa todhchaí. Téama lárnach den phlean is ea 'an comhshaoil a chaomhnú agus a fheabhsú'. Tá líon straitéisí sa phlean corparáideach chun a chuspóirí a bhaint amach i ndáil le forbairt inbhuanaithe a chur chun cinn mar aon lenár n-oidhrecht a chaomhú.

Tá líon beartas agus cuspóirí i *bPlean Forbartha Chontae na Gaillimhe 2003 – 2009* a bhfuil impleachtaí acu do chaomhnú agus do chosaint gnáthóga fiadhúlra. Baineann Beartas 138 go 154 go heisiach le hoidhrecht nádúrtha, agus baineann siad go háirithe le feasacht an phobail ar oidhrecht nádúrtha a ardú agus le caomhnú gach gné d'oidhrecht nádúrtha lena n-áirítear bithéagsúlacht, geolaíocht mar aon le tírdhreacha agus muirdhreacha. Anuas air sin, luaitear caomhnú gnáthóga fiadhúlra ainmnithe agus neamh-ainmnithe sna beartais a bhaineann le tithíocht, forbairt tuaithe, bóithre agus iompar, talamhaíocht, uisceshaothrú, cóireáil dramhaíola, agus turasóireacht.

Mar fho-pháirt de Phlean Oidhreachta an Chontae, áireofar an Plean Gníomhaíochta um Bithéagsúlacht mar chuspóir i bPlean Forbartha an Chontae nua (2010 – 2016)

Tá go leor de limistéir tuaithe agus chósta Chontae na Gaillimhe ainmnithe mar SACanna agus mar NHAanna. Mar sin, ní mó aire suntasach a thabhairt dóibh sa phroiseas pleanála. Agus é ag déanamh breithniúcháin ar na limistéir ainmnithe, deir Plean Forbartha Chontae na Gaillimhe (2003-2009):

#### 1.4.2.2 Forbairt i limistéir ainmnithe.

“Ní mór an-bhéim a leagan ar chaomhnú áilleacht nádúrtha na tuaithe mar aon lena fiadhúlra agus a hoidhreacht chultúrtha nuair atá beartais phleanála agus cuspóirí do rialú forbartha a gcur i dtoll a chéile do na limistéir ainmnithe seo. Ní chiallaíonn sé seo nach féidir le forbairt a bheith ann, ach go hiondúil ba cheart go mbeadh measúnú comhshaoil i gceist nuair atá iarratais ar fhorbairt á mbreithniú”.

Déantar tuilleadh breithnithe ar limistéir ainmnithe i rannán Oidhreachta an phlean (6.12 Beartais: Oidhreacht Nádúrtha), ina gcuirtear síos ar líon beartas i ndáil le cosaint agus le caomhnú suíomh NHA, SAC agus SPA mar aon leis na tionchair atá ag forbairt ar na limistéir seo.

Cuireann Plean Forbartha an Chontae san áireamh freisin an tábhacht atá ag gnáthóga nach bhfuil ainmnithe i mBeartas 145:

- “Aithint nach bhfuil caomhnú an nádúir srianta díreach go suímh ainmnithe agus glacadh leis an riachtanas atá ann gnáthóga agus tírdhreacha nach bhfuil ainmnithe a chosaint mar aon le héagsúlacht bhitheolaíoch an Chontae a chaomhnú”.

Ón uair a raibh an Plean Forbartha Chontae deireanach ann, tá roinnt athruithe dearfacha tarlaithe sa bheartas, cuspóirí agus reachtaíocht i ndáil le bithéagsúlacht agus le hoidhreacht nádúrtha. Tá siad seo le feiceáil i bpleananna a cuireadh i dtoll a chéile níos deireanaí cosúil leis na Pleananna Limistéir Áitiúil don Ghaeltacht, Bearna, Uachtar Ard, Droichead an Chláirín agus bailte eile i gContae na Gaillimhe (Aguisín III). Tá beartais agus cuspóirí tábhachtacha sa chuid is mó de na pleananna seo i ndáil le hoidhreacht nádúrtha agus le bithéagsúlacht, go speisialta i ndáil le suímh nach bhfuil ainmnithe, .i. beartas de chuid Comhairle Chontae na Gaillimhe é:

- Gréasáin/conairí/naisc agus clocha cora a chosaint agus a chaomhnú mar aon le stad a chur lena gcaillteanais nuair is féidir.

- Idirnascthacht limistéar atá tábhachtach ó thaobh na hoidhreachta nádúrtha de a chur chun cinn agus ag an am céanna aitheantas a thabhairt do na naisc níos leithne lasmuigh den phlean.
- Bithéagsúlacht speicis agus gnáthóige a chur chun cinn trí chrainnte agus roschrainnte atá dúchasach do limistéar an Phlean a chur go cuí.
- Coinneáil crann aonair agus grúpaí crann a chur chun cinn, mar aon le fálta sceach, claíocha cloiche, agus gnéithe tírdhreacha gaolmhara eile nuair is féidir.
- Bainistíocht agus cothabháil íogaireach fálta sceach agus claíocha cloiche a chur chun cinn.
- Coillearnacha, fálta sceach agus claíocha cloiche a choinneáil agus a fheabhsú, mar aon le gnéithe tírdhreacha gaolmhara eile. Sa chás nár mhór teorainneacha a bhaint as agus iad a athshuí arís, cineálacha teorainneacha atá cosúil leo sin a baineadh as a bheith iontu, mar shampla claíocha cloiche saoirseachta agus, i gcás fálta sceach, na speicis céanna a bhí ann a úsáid arís.
- Cruthú, forbairt agus cothabháil conairí glasa, droichid ghlasa, íosbhealaigh ainmhithe, éicea-ductanna agus lintéir a spreagadh nuair is féidir.
- Cosc a chur le leathadh speiceas eachtrach ionrach.
- Méid, caighdeán agus nascacht uiscí dromchla agus bogach a chosaint agus a chothabháil.
- Limistéir atá luachmhar ó thaobh na héiceolaíochta de a aithint agus mapaí a ullmhú do na limistéir seo.



*Boscaí ialtóga ar dhroichead*

Seoladh ***Plean Oidhreachta Chontae na Gaillimhe 2004 – 2008*** i bhFeabhra 2004. Is í an aidhm atá ag an bplean seo oidhrecht a lonnú ag croílár saol an phobail i gContae na Gaillimhe trí fheasacht ar ár n-oidhrecht a chur chun cinn, mar aon leis an aoibhneas is féidir a bhaint aisti. Leagann an plean amach líon gníomhartha chun cuspóirí a chomhlíonadh i réimsí feasacht na hoidhreachta, eolas oidhreachta a fháil mar aon le cosaint oidhrecht Chontae na Gaillimhe.

Beidh an Plean Gníomhaíochta um Bithéagsúlacht (2008-2013) ina fho-chuid de Phlean Oidhreachta nua an Chontae (2009 – 2014).

D'fhoilsigh Bord Forbartha Chontae na Gaillimhe, tríd an Comhairle Chontae, ***Straitéis an Chontae d'Fhorbairt Eacnamaíoch, Shóisialta agus Chultúrtha do na blianta 2002-2012***. Ceann den ocht dtéama atá ag an straitéis seo ná forbairt inbhuanaithe acmhainní fisiciúla agus nádúrtha an chontae. Tá

cosaint an chomhshaoil ina ‘príomhthosaíocht’ don phlean agus i measc na straitéisí atá ann tá “profáil comhshaoil” agus “profáil tuaithe” ar mholtaí forbartha; tionscnaimh oideachais chun feasacht phoiblí a ardú maidir leis an gcomhshaoil; athchúrsáil a leathnú; agus feabhsuithe ar sholáthar uisce agus séarachas’.

## 5. Plean Gníomhaíochta um Bhithéagsúlacht Chontae na Gaillimhe

### Réasúnaíocht agus Prionsabail Treoraithe

Chuathas i mbun comhairliúcháin le réimse leathan geallshealbhóirí agus is iad na gníomhartha atá curtha i láthar sa phlean seo an toradh a bhí ar an gcomhairliúcháin sin agus tá siad beartaithe aghaidh a thabhairt ar na cuspóirí ar tagraíodh dóibh i gCaibidil 1.

Cuireadh Plean Gníomhaíochta um Bhithéagsúlacht Chontae na Gaillimhe i dtoll a chéile i solas dhá phríomhphrionsabail treoraithe:

Is éard atá sa **chur chuige Éiceachóras** ná ‘straitéis do bhainistíocht comhtháite talún, uisce agus acmhainní beo a chuireann chun cinn caomhnú agus úsáid inbhuanaithe ar bhealach cothrom. Tá sé bunaithe ar chur i bhfeidhm na modheolaíochtaí cuí eolaíochta atá dírithe ar leibhéil eagraíochta bitheolaíche a chuimsíonn na bunphróisis, feidhmeanna agus idirghníomhaíochtaí i measc orgánaigh agus a gcomhshaoil. Aithníonn sé go bhfuil an duine, lena éagsúlacht chultúrtha, ina chuid lárnach d’éiceachórais’. (CBD, Rio 1992)

Is é an coinníoll a dhéanann **an Prionsabal Réamhchúramach** ná gur ceart bearta réamhchúramacha a chur i gcrích sa chás go bhfuil sé d’acmhainn ag gníomh nó ag beartas a bheith ina údar d’éifeachtaí dochracha don chomhshaoil nó do shláinte an duine, fiú mura bhfuil na caidrimh ‘cúis agus éifeacht’ dearbhaithe go hiomlán ó thaobh na heolaíochta de. Sa chás seo, is orthu sin atá ag moladh an beartas a bheidh an dualgas an cás a dhéanamh.

Moladh gníomhartha an phlean bunaithe ar aiseolas a fuarthas le linn an phróisis comhairliúcháin agus cuireann siad roinnt fachtóirí san áireamh cosúil le:

- Reachtaíocht agus beartas áitiúil, náisiúnta agus idirnáisiúnta
- An gá atá le hacmhainní praiticiúla bithéagsúlachta cosúil le treoirínte bithéagsúlachta agus cláir oideachais.
- Na struchtúir tacaíochta atá ag teastáil d’earnálacha éagsúla an phobail.
- Treochtaí taighde reatha
- Cistí agus/nó saineolas áitiúil a bheith ar fáil

- Na ceachtanna a foghlamaíodh ó thionscadail oidhreachta agus bithéagsúlachta a rinneadh san am a caitheadh
- Na príomhbhagairtí do bhithéagsúlacht
- Gníomhartha, beartais agus cuspóirí an Phlean Oidhreachta Chontae.

Is iad seo a leanas na príomhfhachtóirí a bhí ann ó thaobh gnáthóga agus speicis a roghnú le haghaidh gníomhaíochta caomhnaithe sprioc-dírthe agus na cláir oibre taighde a chinneadh:

- Tuairimí saineolaithe agus geallshealbhóirí
- Easnaimh faisnéise do ghnáthóga agus do speicis éagsúla, mar shampla, faisnéis bhunlíne ar mhamaigh
- An speiceas agus an gnáthóg aitheanta a bheith faoi bhagairt nó leochaileach – m.sh. an Scréachóg Reilige, an Fritileán Réisc, mamaigh
- Táscspeicis – m.sh. giúrainn (téamh an domhain) – feileacáin (caighdeán na gnáthóige)
- Tábhacht caomhnaithe coibhneasta na gnáthóige nó an speicis i gContae na Gaillimhe
- Suímh neamh-ainmnithe atá tábhachtach ó thaobh na héiceolaíochta de

### **Seachadadh agus Cur i bhFeidhm**

Tá freagracht ag bainisteoir an tionscnaimh Daoine agus an Nádúr faoi láthair as comhordú agus cur i bhfeidhm na dtionscnamh agus na ngníomhartha faoin bPlean Gníomhaíochta um Bithéagsúlacht.

Táthar ag suil go bhfostóidh an Chomhairle Chontae Oifigeach Bithéagsúlachta lánaimseartha go gairid sa todhcháí chun na dualgais a bhaineann leis an bplean a chur i gcrích, lena n-airítear:

- Ag cur comhairle ar fáil don Chomhairle Chontae maidir le bithéagsúlacht
- Oiliúint Bithéagsúlachta d'earnálacha éagsúla
- An tIniúchadh Bithéagsúlachta a chothabháil
- Feachtas feasachta agus oideachais don phobal a fhorbairt agus a chur i gcrích.
- Bithéagsúlacht Chontae na Gaillimhe a chur chun cinn
- Spreagadh agus tacaíocht a thabhairt do thionscnaimh taighde i gContae na Gaillimhe
- Tacaíocht agus cúnamh a thabhairt do thionscnaimh pobail agus na Comhairle atá bunaithe ar bhithéagsúlacht.
- Idirchaidreamh a dhéanamh leis an ngrúpa stiúrtha bithéagsúlachta agus le geallshealbhóirí ábhartha eile.

- Tacú le cur i bhfeidhm na bPleananna Gníomhaíochta do Speicis agus do Ghnáthóga, de réir mar is cuí, mar aon leis an gcéad Phlean Náisiúnta eile do Bhithéagsúlacht.

Forbróidh an bainisteoir tionscnaimh/Oifigeach Bithéagsúlachta plean oibre gach bliain, ag comhoibriú leis an Oifigeach Oidhreachta, an Fóram Oidhreachta agus leis an nGrúpa Stiúrtha Bithéagsúlachta, ag leagan amach na tosaíochtaí agus na spriocanna a bheidh le seachadadh don bhliain atá i gceist.

### **Na Páirtnéirí Tionscnaimh**

Is iad Comhairle Chontae na Gaillimhe agus Fóram Oidhreachta Chontae na Gaillimhe na príomhpháirtnéirí i seachadadh Phlean Gníomhaíochta um Bhithéagsúlacht Chontae na Gaillimhe. Is iad na príomhpháirtnéirí eile ná an Chomhairle Oidhreachta, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, Forbairt Tuaithe na Gaillimhe Teo. mar aon le pobail áitiúla. Tabharfaidh an Grúpa Stiúrtha Bithéagsúlachta comhairle agus déanfaidh sé monatóireacht ar dhul chun cinn an phlean, a bhfuil ionadaithe air ón tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra; Cumann Feirmeoirí na hÉireann; Birdwatch Ireland (Gaillimh); Iontaobhas Fiadhúlra Vincent; Seirbhís Foraoiseachta an Roinn Talamhaíochta, Iascaigh agus Bia; Seirbhís Mara an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádurtha; An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil; mar aon le nádúraithe áitiúla.

Liostáiltear páirtnéirí molta do gach gníomh den phlean. De réir mar a thiocfar ar chomhaontú maidir leis an gclár oibre bliantúil, gheofar tiomantais ó na páirtnéirí ábhartha d'fhonn cinntiú go seachadófar na gníomhartha. D'fhéadfaí páirtnéirí eile, nach bhfuil ionadaíocht acu faoi láthair ar an bhFóram Oidhreachta, a aithint thar saolré an phlean.

### **Maoiniú**

Iarrfar maoiniú ar bhonn bliantúil ó gach eagraíocht páirtnéireachta, lena n-áirítear Comhairle Chontae na Gaillimhe, an Chomhairle Oidhreachta, Forbairt Tuaithe na Gaillimhe Teo. (LEADER), agus an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, chomh maith le trí ghníomhaireachtaí, eagraíochtaí agus páirtnéireachtaí straitéiseacha eile.

### **Monatóireacht agus Athbhreithniú**

Cuirfidh an bainisteoir tionscnaimh (Oifigeach Bithéagsúlachta) tuarascálacha bliantúla faoi bhráid an Fhóraithe Oidhreachta agus an Grúpa Stiúrtha Bithéagsúlachta, ag léiriú an dul chun cinn atá bainte amach i ndáil le cur i bhfeidhm an Phlean Gníomhaíochta um Bhithéagsúlacht agus i ndáil le baint amach na spriocanna atá leagtha amach sa phlean. Déanfar athbhreithniú lár-téarma leath-bhealach trí

shaol an phlean d'fhonn measúnú a dhéanamh ar an dul chun cinn chun dáta, agus d'fhonn aon athrú don phlean a meastar a bheith riachtanach a dhéanamh, ag cur san áireamh aon fhorbairt nua sa chontae i dtéarmaí athruithe i reachtaíocht, beartais nó tosaíochtaí.

Cuspóir 1 Feasacht agus Rannpháirtíocht		Cuspóir 2 Faisnéis a bhailiú agus a roinnt			Cuspóir 3 Beartas agus gníomhaíocht caomhnaithe		
Uimh.	Príomhréimse gníomhaíochta	1	2	3	Páirtnéirí Féideartha	Creata ma	Rath a thomhas
1.	<b>Fostaíocht Oifigeach Bithéagsúlachta do Chontae na Gaillimhe</b> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Cur i bhfeidhm an BAP a éascú agus a chomhordú.</li> <li>• Comhairle a thabhairt don chomhairle maidir le saincheisteanna a bhaineann le bithéagsúlacht mar aon lena n-oibleagáidí i ndáil le cosaint limistéar atá ainmnithe.</li> <li>• Oiliúint bithéagsúlachta a chur ar fáil laistigh den chomhairle.</li> <li>• Bithéagsúlacht a chur chun cinn agus eolas a chur ar fáil don phobal.</li> </ul>	✓	✓	✓	GCC, Comhairle Oidhreachta, LEADER, Fóram Oidhreachta, GRD, OÉG	Gearrthéarma	Oifigeach Bithéagsúlachta lánaimseartha fostaithe ag an gComhairle Chontae
2.	<b>Iniúchadh Bithéagsúlachta</b> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Gach eolas atá ar fáil ar bhithéagsúlacht i gContae na Gaillimhe a bhailiú le chéile.</li> <li>• An t-eolas seo a chur i dtaisce i bhformáid bhunachar sonraí mar aon le geo-tagairt a dhéanamh nuair is féidir i gcóras GIS na comhairle.</li> <li>• Nuair is féidir, rochtain a sholáthar don fhaisnéis seo tríd an láithreán gréasáin bithéagsúlachta.</li> <li>• Nasc a chinntiú leis an Ionad Náisiúnta do Thairfid Bitheolaíochta.</li> </ul>		✓		Rannóg TF GCC, OÉG, GMIT, ENGOanna	Leanúnach	Bunachar Sonraí a chur i dtoll a chéile
3.	<b>Feasacht Bithéagsúlachta</b> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Leanacht le húsáid an téama ‘Daoine agus an Nádúr’ mar aon le brandáil an tionscnaimh</li> <li>• Eachtraí agus gníomhaíochtaí feasachta poiblí a réachtáil, go speisialta i rith an Seachtain Oidhreachta agus Seachtain na Bithéagsúlachta.</li> <li>• Ábhair faisnéise a chur i dtoll a chéile ag baint úsáid as réimse meán.</li> <li>• An rannán bithéagsúlachta atá ar láithreán gréasáin Chomhairle Chontae na Gaillimhe a fhorbairt le faisnéis, liostáil eachtraí agus le naisc úsáideacha.</li> <li>• Comhairle agus cúnaimh a thabhairt do ghrúpaí áitiúla a bhfuil tionscnaimh chaomhnaithe nádúir acu lena n-áirítear iontrálaithe don Mhíle Órga agus do na Bailte Slachtmhara, tionscnaimh athnuachana uirbí, grúpaí comhshaoil áitiúil agus oidhreachta, grúpaí reilige, oibríthe FAS agus RSS</li> </ul>	✓		✓	Grúpaí áitiúla, ENGOanna, grúpaí na mBailte Slachtmhara, gníomhaireachta í Stáit, FÁS, RSS, Forbairt Tuaithe an Gaillimhe	Leanúnach	Eachtraí eagraithe, bileoga foilsithe, láithreán gréasáin nuashonraithe go rialta, tionscnaimh áitiúla faoi sheoil/críochnaith e, clár oiliuna

4	<p><b>Oideachas agus Oiliúint Bithéagsúlachta</b></p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Acmhainní atá bunaithe ar theicneolaíocht a fhorbairt chun cabhrú le hoideachas bithéagsúlachta i scoileanna agus in earnála eile.</li> <li>• Leanacht le bithéagsúlacht i gclár na scoileanna.</li> <li>• Oiliúint bithéagsúlachta leanúnach a chur ar fáil don fhoireann uile i Comhairle Chontae na Gaillimhe.</li> <li>• Iarracht a dhéanamh cúrsa bainistíochta praiticiúla bithéagsúlachta a fhorbairt a bheidh faofa ag FETAC a bheidh dírithe ar oibríthe na comhairle, conraitheoirí, scéimeanna fostaíochta pobail agus ar dhaoine eile.</li> </ul>	✓	✓	✓	Rannóg TF na Comhairle. FÁS, RSS, Forbairt Tuaithe na Gaillimhe, FETAC, Ionad Oideachais na Gaillimhe, Coláistí Tríú Leibhéil	Meántéarma	Acmhainní forbartha agus in úsáid. Cúrsaí oiliúna forbartha agus curtha i bhfeidhm. Roinnt tionscnamh scoile ar bithéagsúlacht críochnaithe.
5.	<p><b>Treoirlínte Bithéagsúlachta do:</b></p> <p><b>A. Sealbhóirí Tí</b></p> <p><b>B. Foireann agus oifigigh na Comhairle</b></p> <p><b>C. Earnálacha eile lena n-áirítear forbróirí, gníomhairí, úinéirí talún</b></p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Treoirlínte soiléire agus eolasacha a chur i dtoll a chéile (bileoga/leabhráin/leathanaigh faisnéise ar-líne) i ndáil le cosaint agus le feabhsú an nádúir, measúnú gnáthóga agus bainistíocht.</li> </ul>	✓		✓	Tionscail na Tógála, Comhlacht proifisiúnta na n-ailtírí srl. FÁS, RSS, Forbairt Tuaithe na Gaillimhe, an tSeirbhís Foraoiseachta	Gearrthéarma	Foilsíú bileoga agus leabhrán
6.	<p><b>Páirtnéireachtaí Pobail</b></p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Tionscnaimh chaomhnú an nádúir a bheidh á reáchtáil agus a mbainistiú ag an bpobal a thosú, a thacú agus a spreagadh. D'fhéadfadh limistéir/gairdíní nádúir don phobal a bheith i gceist anseo, mar aon le hathchóiriú gnáthóga áitiúla, cruthú gnáthóga, eolas agus comharthaíocht i ndáil le léirmhíniú an nádúir.</li> <li>• Cinntiú go gcuirfear na sonraí agus an fhaisnéis bithéagsúlachta atá ag an gcomhairle ar fáil do phobail áitiúla atá ag obair ar na tionscnaimh.</li> <li>• Cinntiú go seolfar ar ais ag an gComhairle Chontae an fhaisnéis a mbaileofaí trí na tionscnaimh phobail agus go bhfíí isteach iad sa mbunachar sonraí bithéagsúlachta.</li> </ul>	✓	✓	✓	Fóram Oidhreachta, grúpaí pobail, scoileanna, OÉG, gníomhaireachtaí stáit, FÁS, RSS, GRD, an tSeirbhís Foraoiseachta	Leanúnach	Gréasán Limistéar Bithéagsúlachta Pobail bunaithe

7.	<p><b>Tailte/Tionscnaimh Chomhairle Chontae na Gaillimhe</b></p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Treoirlínte a sholáthar a bheidh comhaontaithe idir an NPWS agus Comhairle Chontae na Gaillimhe do mheasúnú cuí éiceolaíoch ar gach forbairt agus tionscnamh atá faoi bhainistíocht na Comhairle.</li> <li>• Tírdhreachú atá airdeallach ar bhithéagsúlacht a chur chun cinn ar thalamh agus i bhforbairtí tithíochta atá in úinéireacht agus faoi bhainistíocht an Chomhairle Chontae.</li> <li>• Measúnuithe bithéagsúlachta a dhéanamh ar na tailte atá in úinéireacht na comhairle agus pleananna bainistíochta a fhorbairt do thalamh atá in úinéireacht na comhairle agus a bhfuil luach chaomhnaithe nádúir aige.</li> </ul>	✓	✓	✓	NPWS, Fóram Oidhreachta, pobail áitiúla, ENGOanna	Meántéarma - fadtéarma	Roinnt samplaí de thionscnaimh tírdhreachú na comhairle a bhfuil gné bithéagsúlachta acu
8.	<p><b>Straitéis Speiceas Eachtrach a Fhorbairt do Chontae na Gaillimhe</b></p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Speicis eachtracha ionracha i gCo. na Gaillimhe a aithint agus nádúr agus méid an inmhíolaithe a dhearbhu.</li> <li>• Beartas a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun déileáil le speicis eachtracha ionracha (.i. gníomhaíocht dhíreach, pleanáil, rialú, foddhlíthe srl.)</li> <li>• Grúpa(i) oibre speiceas eachtrach a bhunú chun déileáil le speicis eachtracha ionracha planda agus ainmnithe talúnda</li> <li>• Tacaíocht ghníomhach a thabhairt do Ghrúpa Oibre Speicis Mara Ionracha Réigiún an Iarthair</li> <li>• Bunachar sonraí do speicis ionracha a fhorbairt i gcóras GIS na comhairle.</li> <li>• Clár feasachta do speicis ionracha a bhunú d'fhoireann na comhairle, an pobal, sprioc-ghrúpaí.</li> <li>• Ábhar faisnéise a fhoilsiú ina mbeidh comhairle faoin gcaoi speicis eachtracha a aithint agus faoin gcaoi déileáil leo.</li> <li>• Iarracht a dhéanamh tionscnaimh speiceas eachtrach a chomhordú ar bhonn réigiúnach trí bheith ag obair le húdaráis áitiúla cóngaracha agus le gníomhaireachtaí eile.</li> </ul>	✓	✓	✓	GMIT, OÉG agus institiúidí tríú leibhéal eile, Boird iascaigh, NPWS, Comhairle Chontae na Gaillimhe, FÁS, RSS, Forbairt Tuaithe na Gaillimhe, an tSeirbhís Foraoiseachta, Tionscnamh Speiceas Ionrach Uile-Éireann	Leanúnach	Feasacht níos mó ar speicis eachtracha. Laghdú i leathadh speiceas eachtrach
9.	<p><b>Tionscnamh Turasóireachta atá Báúil don Bhithéagsúlacht</b></p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Oibriú leis an earnáil turasóireachta chun turasóireacht a fhorbairt agus a chur chun cinn i gContae na Gaillimhe de réir treoirlínte Notice Nature agus Fáilte Ireland maidir le Turasóireacht agus Bithéagsúlacht.</li> <li>• Seimineáir a reáchtáil maidir leis an gcaoi ar féidir le pobail áitiúla</li> </ul>	✓	✓	✓	Turasóireacht Oirthear na Gaillimhe, Turasóireacht Iarthar na Gaillimhe, GRD,	Gearrtéarma - meántéarma	Beartas forbartha, limistéir ina bhfuil acmhainn éiceaturasóireachta aitheanta

	<p>gnéithe oidhreachta nádúrtha áitiúla a bhainistiú agus a chur chun cinn.</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Beartas turasóireacht bithéagsúlachta a fhorbairt do Chomhairle Chontae na Gaillimhe.</li> <li>• Iarracht a dhéanamh Contae na Gaillimhe a fhorbairt agus a chur chun cinn mar ceann scríbe éicea-turasóireachta.</li> <li>• Breathnú isteach ar chinn scríbe eile éicea-turasóireachta le haghaidh samplaí de shamhlacha rathúla.</li> <li>• Tacú le soláthar áiseanna chun éicea-turasóireacht a éascú agus a chur chun cinn</li> </ul>				Ireland West Tourism, Boird Iascaigh, Uiscebhealaí Éirinn, Leave no Trace, an tSeirbhís Foraoiseachta, Coillte		
<b>10.</b>	<p><b>Bithéagsúlacht san Earnáil Ghnó</b></p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Iarracht a dhéanamh indéantacht scéim creidiúnaithe bithéagsúlachta/comhshaoil a bhunú do ghnóthaí i gContae na Gaillimhe.</li> </ul>			✓	Cumainn Tráchtála, IBEC, GRD, ISME, GCDB	Gearrtéarma - meántéarma	Staidéar indéantachta déanta
<b>11.</b>	<p><b>Timpeallacht an Chósta</b></p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Saincheisteanna díreacha agus neamhdhíreacha a n-imríonn tionchar ar an timpeallacht chósta a aithint agus treoirínite dea-chleachtais a fhorbairt do bhainistiú gnáthóga agus timpeallacht an chósta.</li> <li>• Tábhacht speisialta nádúr na n-oileán amach ó chósta Chontae na Gaillimhe a aithint.</li> <li>• Béim níos mó ar bhithéagsúlacht a lorg sa scéim Brait Ghoirm.</li> <li>• Iarracht a dhéanamh cabhrú le pobail áitiúla atá páirteach i dtionscnaimh bhainistíochta gnáthóga cósta.</li> <li>• Acmhainn oideachais an timpeallacht chósta a fhorbairt.</li> <li>• Tacú le siúlóidí ar an gcósta</li> </ul>	✓	✓	✓	Foras na Mara, OÉG, GMIT, BIM, Coastwatch, WRBD	Meántéarma - fadtéarma	Treoirínite forbartha, tús curtha le tionscnaimh oideachais agus tionscnaimh faoi cheannas an phobail, athbhreithniú ar an ngné bithéagsúlachta de scéim an Bhrait Ghoirm

12.	<b>Timpeallacht Fionnuisce</b> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Tacú le hobair tionscnaimh Limistéar Abhantrach an Iarthair agus Abhainn na Sionainne.</li> <li>• Iarracht a dhéanamh caighdeán uisce agus gnáthóige na n-aibhneacha agus na locha a bhfuil tábhacht idirnáisiúnta, náisiúnta agus réigiúnach acu a chosaint agus a fheabhsú trí bheartas agus trí thionscnaimh phraiticiúla.</li> <li>• An tábhacht speisialta atá ag bithéagsúlacht Loch na Coiribe a chur chun cinn.</li> <li>• Cinntiú go mbeidh cumarsáid ann leis na húdaráis áitiúla cóngaracha agus leis na comhlachtaí iascaigh mar aon le hiarracht a dhéanamh comhthionscnaimh a bhunú ag teorainneacha roinnte ar dhobharlaigh.</li> <li>• Tacú le siúlóidí intíre</li> </ul>	✓	✓	✓	Boird Iascaigh, WRBD, SRBD, Comhairle Cathrach na Gaillimhe	Leanúnach	Níos mó feasachta agus eolais ar ghnáthóga fionnuisce; caighdeán feabhsaithe i ngnáthóga fionnuisce
13.	<b>Limistéir Ainmnithe</b> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Idirchaidreamh a dhéanamh leis an NPWS ar bhonn rialta maidir le saincheisteanna a n-imríonn tionchar ar limistéir ainmnithe agus ar fheidhmiú na reachtaíochta atá taobh thair de.</li> <li>• Eolas agus comhairle a sholáthar d'úinéirí talún agus do phobail áitiúla i ndáil le bainistíocht agus le caomhnú suíomh ainmnithe.</li> <li>• An eolaíocht atá taobh thiar d'ainmniú limistéar cosanta a fháil agus a fhoilsiú mar aon le limistéir abhantraigh a thaispeáint go soiléir.</li> </ul>	✓	✓	✓	NPWS	Leanúnach	Caidreamh maith oibre leis an NPWS, eolas d'úinéirí talún agus do phobail áitiúla curtha ar fáil
14.	<b>Speicis atá faoi Chosaint</b> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Tacú le cur i bhfeidhm na bpleananna gníomhaíochta náisiúnta speiceas de réir mar is cuí agus is féidir.</li> </ul>			✓	NPWS	Leanúnach	Cur i bhfeidhm áitiúil na bpleananna gníomhaíochta náisiúnta speiceas agus gnáthóga
15.	<b>Limistéir nádúir atá tábhachtach i dtéarmaí áitiúla agus nach bhfuil ainmnithe</b> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Feasacht a ardú maidir le limistéir atá tábhachtach go háitiúil i dtéarmaí nádúrtha maidir lena luach caomhnaithe nádúir.</li> <li>• Critéir a fhorbairt d'fhonn Limistéir Áitiúla Bithéagsúlachta a aithint (LBAanna)</li> <li>• Imscrúdú a dhéanamh ar mheicníochtaí féideartha d'fhonn limistéir caomhnaithe nádúir thábhachtacha nach bhfuil ainmnithe a chosaint agus a fheabhsú.</li> <li>• Bunchar sonraí a mbeidh na Suímh Ard-Spéise Bithéagsúlachta ann a fhorbairt i gcóras GIS na comhairle.</li> </ul>	✓	✓	✓	Fóram Oidhreachta na Gaillimhe, Pobail áitiúla, Eagraíochtaí Tríú Leibhéal	Leanúnach	Critéir chun LBAanna a aithint forbartha, bunachar sonraí ina bhfuil suímh ard-spéise in úsáid, tuarascáil ar mheicníochtaí féideartha cosanta curtha i dtoll a chéile

16.	<p><b>Gníomhaíocht Príomhghnáthóige: Fálta Sceach</b></p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Ag leanacht ar an suirbhé bláthanna, tús a chur le tionscnamh chun an éagsúlacht bláthanna a bhaineann le fálta sceach a scrúdú.</li> <li>• Oiliúint leanúnach i gcothabháil chuí fálta sceach a chinntiú do gach earnáil ábhartha.</li> <li>• Baint as fálta sceach agus claíocha cloiche atá ar marthain faoi láthair a íosmhéadú.</li> <li>• Ba cheart go dtabharfadh línte claí nua spreagadh do bhithéagsúlacht</li> </ul>	✓	✓		BirdWatch, Badgerwatch, Caomhnú Ialtóg na hÉireann, Grúpa Ialtóg na Gaillimhe, IWT, Teagasc, IFA	Meántéarma	Tionscnamh éagsúlachta fána críochnaithe, oiliúint leanúnach ar siúl.
-----	--	---	---	--	--	------------	---

17.	<b>Gníomhaíocht Príomhghnáthóige :Bogaigh</b> <ul style="list-style-type: none"> <li>Tús a chur leis na tionscnaimh a bhfuil cur síos orthu i gCéim I de Shuirbhé Bogach Chontae na Gaillimhe: Staidéar scóip a rinneadh in 2007.</li> <li><b>Limistéar Gníomhaíochta Speisialta– Turlaigh</b></li> <li>Aitheantas a thabhairt do charachtar uathúil na ngnáthóg seo i nGaillimh, eolas a sholáthar faoi luach agus bainistíocht an turlaigh d'úinéirí talún, forbróirí, foireann na comhairle, cuairteoirí agus grúpaí áitiúla, srl.</li> <li><b>Limistéar Gníomhaíochta Speisialta– Portaigh</b></li> <li>Tús a chur le tionscnamh chun imscrúdú a dhéanamh ar an luach d'fhiadhúlra agus an acmhainn a bheidh ag tailte móna réitithe sa todhchaí mar shuímh do chaomhnú nádúir.</li> </ul>	✓	✓	✓	IPCC, NPWS, BirdWatch, OÉG, GMIT	Meántéarma – fadtéarma	Tionscnaimh bogach déanta, eolas ar thurlaigh curtha ar fáil, tionscnamh chun imscrúdú a dhéanamh ar an acmhainn atá ag limistéir réitithe déanta.
18.	<b>Gníomhaíocht Príomhghnáthóige :Crainnte agus coillearna dúchasacha</b> <ul style="list-style-type: none"> <li>Úsáid a bhaint as sonraí a bailíodh sa Suirbhé Náisiúnta ar Choillearnaí Dúchasacha d'fhonn liosta agus mapa cuimsitheach de choillearnaí i nGaillimh a thiomsú.</li> <li>Imscrúdú a dhéanamh ar mhodhanna praiticiúla d'fhonn suímh coillearnaí sa chontae nach bhfuil ainmnithe a chaomhnú agus a fheabhsú.</li> <li>Cinntiú go gcoinneofaí an suirbhé ar chrainnte suntasacha chun dáta, go gcaomhnófaí crainnte dá réir sin agus go gcuirfí na fionnachtana ar fáil.</li> </ul>	✓	✓	✓	GMIT, OÉG, Crann, Suirbhé Coillearnaí Dúchasaí, NPWS, Úinéirí talún, pobail áitiúla, an tSeirbhís Foraoiseachta, Coillte	Meántéarma	Liosta agus mapa de shuímh coillearnaí tionsaithe, staidéar ar bhearta caomhnaithe déanta, suirbhé crann suas chun dáta.
19.	<b>Gníomhaíocht Príomhghnáthóige :Eascracha</b> <ul style="list-style-type: none"> <li>Tabhairt faoi suirbhé ar ghnáthóga eascrach sa chontae.</li> </ul>	✓	✓	✓	OÉG, Úinéirí talún, pobail áitiúla	Gearrthéarma-meántéarma	Suirbhé déanta
20.	<b>Gníomhaíocht Príomhghnáthóige : Pábháil &amp; fraochmhá aolchloiche</b> <ul style="list-style-type: none"> <li>Gnáthóga pábhála &amp; fraochmhá aolchloiche sa chontae a aithint, a mhapáil mar aon le measúnú a dhéanamh orthu.</li> <li>Bagairtí díreacha agus neamhdhíreacha do ghnáthóga aolchloiche a aithint.</li> <li>Imscrúdú a dhéanamh ar mhodhanna praiticiúla chun suímh thábhachtacha gnáthóga aolchloiche sa chontae a chaomhnú agus a fheabhsú.</li> </ul>		✓	✓	GMIT, OÉG, Úinéirí talún, pobail áitiúla, Teagasc, IFA, Burren LIFE.	Fadtéarma	Suirbhé déanta, bagairtí aitheanta agus staidéar caomhnaithe déanta

21	<b>Príomhspeiceas: Plandaí Tearca</b> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Cinntiú go ndéanfaí nóta i gcóras GIS na comhairle faoi shuímh aitheanta plandaí tearca nach bhfuil i limistéir ainmnithe.</li> <li>• Feasacht a ardu ar nádúr speisialta na bplandaí tearca i nGaillimh.</li> </ul>		✓	✓	NPWS, BSBI, Úinéirí talún, pobail áitiúla, Coláistí Tríú Leibhéal	Meántéarma	Nóta déanta de shuímh plandaí tearca ar GIS na Comhairle; tionscnamh feasachta déanta
22.	<b>Príomhspeiceas: Inveirteabraigh</b> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Suímh póraithe tábhachtacha don fhritiléán réisc a aithint agus a mhapáil i gcóras GIS na Comhairle.</li> <li>• Bealaí a lorg chun suímh tábhachtacha d'fheileacáin nach bhfuil ainmnithe a aithint agus a chosaint.</li> <li>• Taighde a spreagadh ar ghrúpaí inveirteabraigh eile</li> </ul>	✓	✓	✓	IPCC, NPWS, Grúpa Feileacáin na hÉireann, OÉG	Meántéarma	Suímh thábhachtacha aitheanta agus cosaint tugtha dóibh
23.	<b>Príomhspeiceas: Éisc</b> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Iarracht a dhéanamh stádas an Ruabhric Artaigh a dhearbhu i nGaillimh.</li> <li>• Tacú agus cabhrú le hobair na mbord iascaigh, grúpa caomhnaithe Ruabhric Artaigh na hÉireann agus gníomhaireachtaí eile chun an Ruabhreac Artach a chaomhnú i locha na Gaillimhe</li> <li>• Tacú le Tionscnamh Bithéagsúlachta na nIasc Dúchasach i Loch Deirgeirt</li> <li>• Imscrúdú a dhéanamh ar bhealaí chun rochtain ar Loch na Coiribe a fheabhsú don Loimpre Mhara</li> </ul>		✓	✓	WRFB, SRFB, Grúpa Caomhnaithe Ruabhric Artaigh na hÉireann, NPWS, Coláistí Tríú Leibhéal, Cumainn Iascaireachta, Comhairle Cathrach na Gaillimhe	Meántéarma – fadtéarma	Suirbhé ar an Ruabhreac Artach déanta
24.	<b>Príomhspeiceas: Éin</b> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Tacú le hiarrachtaí BirdWatch Ireland chun monatóireacht a dhéanamh ar speicis éin atá ina n-ábhar imní caomhnaithe mar aon le iad a chosaint.</li> <li>• Tosaíocht a thabhairt do speicis éin le haghaidh gníomhaíochta.</li> <li>• Suímh thábhachtacha do neadú agus beathú éin i gContae na Gaillimhe a aithint agus a mhapáil.</li> <li>• Iarracht a dhéanamh gnáthóga speiceas éin atá faoi bhagairt a chaomhnú agus a fheabhsú</li> <li>• Feasacht a ardu agus eolas a scaipeadh faoi éin Chontae na Gaillimhe</li> </ul>	✓	✓	✓	BirdWatch, Úinéirí talún, pobail áitiúla, NPWS	Meántéarma – fadtéarma	Tosaíocht tugtha do speicis le haghaidh gníomhaíochta, suirbhé déanta ar shuímh neadaithe agus beathaithe, eolas faoi éin scaipthe

25.	<p><b>Príomhspeiceas: Mamaigh</b></p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Cúnamh a thabhairt agus páirt a ghlacadh i dtionscnaimh monatóireachta ar mhamaigh go náisiúnta agus go háitiúil.</li> <li>• Sonraí bunlíne éiceolaíochta do mhamaigh atá ina n-ábhar imní caomhnaithe sa chontae a bhailiú.</li> <li>• Tosaíocht a thabhairt do speicis le haghaidh gníomhaíochta.</li> <li>• Bealaí praiticiúla a lorg chun tailte sealgaireachta agus conairí éiceolaíochta mamach a chaomhnú .i. coillearnacha, bogaigh cosúil le fála scean.</li> <li>• Imscrúdú a dhéanamh ar bhealaí praiticiúla chun an líon mamach a maraítear ar na bóithre a laghdú.</li> </ul>	✓	✓	✓	Caomhnú Ialtóg na hÉireann, NPWS, Coláistí Tríú Leibhéal, Úinéirí talún, pobail áitiúla, Grúpa Ialtóg na Gaillimhe	Meántéarma - fadtéarma	Sonraí bunlíne ar speicis bailithe, tosaíocht tugtha do speicis, líon na n-ainmhithe a maraítear ar na bóithre laghdaithe
-----	---	---	---	---	--	------------------------	---

## 6. Bithéagsúlacht agus an Duine

Céard is féidir leatsa a dhéanamh chun oidhreacht nádúrtha a chaomhnú agus a chur chun cinn sa mbaile agus sa phobal? Is é an mana atá ag gníomhaíocht bithéagsúlachta ná “bí ag smaoineamh i dtéarmaí domhanda ach bí ag gníomhú i dtéarmaí áitiúla”. Is féidir linn ar fad rud éigin a dhéanamh chun cabhrú leis an nádúr sa áit ina bhfuileamar. Seo roinnt smaointe a d’fhéadfá cur i



grích.

- Cruthaigh roinnt spáis don fhiadhúlra i do shaol. Bíodh gairdín atá báúil don fhiadhúlra sa mbaile agat, ag an obair nó sa scoil. Nó díreach bíodh boscaí fuinneoige agat le bláthanna a mheallann éin, feileacáin agus/nó beacha.
- Cuir tús le grúpa oidhreachta nó comhshaoil sa phobal áitiúil, nó téigh isteach i gceann atá ann cheana.
- Téigh isteach in BirdWatch na Gaillimhe, Crann, Comhairle Caomhnaithe Tailte Móna na hÉireann (IPCC), Cumann Allamuigh Nádúraithe na Gaillimhe, Caomhnú Ialtóg na hÉireann nó ENGO eile. Bealach maith atá ann chun tuilleadh a fháil amach faoin nádúr agus casadh le daoine nua.
- Glac páirt i dtionscnamh oidhreachta nádúrtha áitiúil, cosúil le gnáthóg speisialta ar thailte poiblí a oiriúnú nó a athchóiriú.
- Foghlaim tuilleadh faoi d’oidhreacht nádúrtha áitiúil. Bí ar an eolas faoi sin atá ag dul ar aghaidh mórthimpeall ort. D’fhéadfadh grúpaí scoile áitiúla suirbhéanna oidhreachta áitiúla a dhéanamh, cosúil le suirbhé ar ghráinneoga, ar chrainnte nó ar scraith chloch, nó suirbhé ar bhláthanna, ar éin nó ar ainmhithe.
- Siúlóidí nádúir nó cainteanna faoin nádúr a eagrú i do cheantar féin
- Téigh isteach i gcomórtas cosúil leis na Duaiseanna Comhshaoil Áitiúil, Mórtas Áite nó an Míle Órga.
- Páirt a ghlacadh i scéimeanna feirmeoireachta atá báúil don bithéagsúlacht más feirmeoir atá ionat, cosúil le REPS, scéim phlean feirme NPWS, Scéim Coillearnaí Dúchasaí, agus LINNET.
- Tabhair dea-shampla. Bí ag teagasc do leanaí meas a bheith acu ar an nádúr, mar aon le taitneamh a bhaint as, agus tabhair spreagadh dóibh an domhan nádúrtha atá mórthimpeall orthu a thaiscéaladh.

Ná déan dearmad go bhfuil an tOifigeach Oidhreachta, an tOifigeach Bithéagsúlachta agus an tOifigeach Feasachta Comhshaoil ann chun cabhrú leat. Mar sin, má tá comhairle no cúnaimh ag teastáil uait le tionscnamh bithéagsúlachta áitiúil, téigh i dteagmháil leo!

## 7. Tagairtí agus tuilleadh léitheoireachta

- Carey, M., Hamilton, G., Poole, A. agus Lawton, C. 2007. The Irish Squirrel Survey. COFORD, Baile Átha Cliath.
- Cate, M. ten agus Peppiatt, C. 2004. Birds of Galway: a review of recent records and field studies 1991-2000. BirdWatch Ireland. Gaillimh.
- Conaghan, J., Roden, C. agus Fuller, J. 2006. A survey of rare and scarce plants in County Galway. A report for the National Parks and Wildlife Service, Baile Átha Cliath.
- Curtis, T.G.F. & McGough, H.N. 1988. The Irish Red Data Book. 1 Vascular Plants. Oifig an tSoláthair, Baile Átha Cliath.
- Dingerkus, K 2007 West Galway Hedgerow Survey. Tuarascáil do Chomhairle Chontae na Gaillimhe
- Dingerkus, K 2007 Galway County: Townland Boundary hedgerow survey.
- Fossitt, J.A. 2000. A Guide to Habitats in Ireland . Comhairle Oidhreachta. Cill Chainnigh.
- Fuller, J.F. 2006. East Galway Hedgerow Survey. Tuarascáil do Chomhairle Chontae na Gaillimhe.
